# Scéim Camchuairte Saothair, 2026 Babhta 1

## Treoirlínte d'Iarratasóirí

### I gcomhair camchuairteanna a bheidh ar siúl idir mí Eanáir 2026 agus mí na Nollag 2026

### Spriocdháta: 5.30 i.n. (am na hÉireann), Déardaoin, an 8 Bealtaine 2025

**Iarratasóirí faoi mhíchumas**

**Déanann an Chomhairle Ealaíon gach iarracht freastal réasúnta a dhéanamh ar dhaoine faoi mhíchumas chun úsáid a bhaint as ár seirbhísí.**

**Má tá tú faoi mhíchumas agus má theastaíonn cúnamh uait le d'iarratas a chur isteach, déan teagmháil linn a luaithe is féidir roimh an spriocam.**

**Déan teagmháil le: An tOifigeach Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas**

**Guthán: 01 618 0200 nó 01 618 0243**

**Ríomhphost: disabilityaccess@artscouncil.ie**

# CLÁR

**Cabhair a fháil maidir le d’iarratas** 3

**Príomhphointí** 4

**1. Maidir leis an Scéim Camchuairte Saothair** 7

1.1 An spriocdháta chun iarratais a chur isteach 7

1.2 Athruithe ar Bhabhta 1 den Scéim Camchuairte Saothair 2026 7

1.3 Cad iad cuspóirí agus tosaíochtaí na scéime? 7

1.4 Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh? 8

1.5 Cé nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh? 10

1.6 Cad air ar féidir leat iarratas a dhéanamh? 11

1.7 Cad nach féidir leat iarratas a dhéanamh air? 11

1.8 Cá mhéad maoinithe ar cheart duit iarratas a dhéanamh air? 12

1.9 Cén t-ábhar tacaíochta NACH MÓR duit a chur isteach le d’iarratas? 16

1.10 Incháilitheacht 19

**2. An dóigh le d’iarratas a dhéanamh** 21

2.1 Cláraigh le Seirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon 21

2.2 Líon isteach an fhoirm iarratais 22

2.3 Ullmhaighaon ábhar tacaíochta atá riachtanach don iarratas 23

2.4 Iarratas a dhéanamh ar líne 25

**3. Próiseáil agus measúnú na n-iarratas** 27

3.1 Forbhreathnú 27

3.2 An próiseas measúnaithe 27

3.3 Critéir – gach foirm ealaíne agus gach cleachtas ealaíon 28

3.4 Próiseas cómheasúnaithe agus gearrliostaithe 30

3.5 Próiseas scórála inmheánach 30

3.6 Piarphainéil 32

3.7 Toradh na n-iarratas 33

**Aguisín** 34

## Cabhair a fháil maidir le d'iarratas

Má tá ceisteanna agat faoi shuíomh gréasáin na Seirbhísí ar Líne a úsáid, tabhair cuairt ar rannán na gCeisteanna Coitianta ar ár suíomh gréasáin: http://www.artscouncil.ie/ga/Teigh-i-dteagmhail-linn/FAQS/Seirbhisi-ar-line/Seirbhisi-ar-line/

Má tá ceist theicniúil agat faoin bpróiseas iarratais ar líne agus nach bhfuil freagra ar do cheist i rannán na gCeisteanna Coitianta, is féidir leat ríomhphost a sheoladh chuig onlineservices@artscouncil.ie, nó glaoch ar an gComhairle Ealaíon ar

- **01 618 0200**
- **01 618 0243**

Má bhíonn ceist agat faoi d'iarratas nach mbaineann le cúrsaí teicniúla, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leis an bhfoireann ealaíon a bhfuil iarratas ar mhaoiniú á chur faoina bráid agat ar ríomhphost nó ar an bhfón. http://www.artscouncil.ie/ga/Teigh-i-dteagmhail-linn/Liostai-den-bhfoireann-agus-de-chomhairleoiri/

Chun féachaint ar ár bhfístreoir maidir le hiarratas a dhéanamh ar YouTube, téigh chuig

https://youtu.be/artscouncildemo

# Príomhphointí

- Má éiríonn leat, spreagtar thú chun do chamchuairt bheartaithe a chlárú (nuair is cuí) le Tourbook, ardán nua do na taibhealaíona ar camchuairt. Suíomh gréasáin éasca le húsáid is ea é atá á fheidhmiú faoi choimirce an Performing Arts Forum.
- D’fhonn iarratas a dhéanamh, **ní mór** duit a bheith cláraithe le haghaidh cuntas Sheirbhísí Ar Líne na Comhairle Ealaíon (OLS). Mura bhfuil ceann agat, is féidir leat clárú le ceann a fháil anseo. Tabhair faoi deara go bhféadfadh sé suas le **cúig lá oibre** a thógáil sular féidir úsáideoir nua a chlárú ar OLS, mar sin tabhair go leor ama duit féin é seo a dhéanamh sula mbeidh an spiocdháta buailte leat.
- Molaimid go láidir duit an cháipéis seo a léamh go cúramach sula dtosaíonn tú ar an bpróiseas chun d’iarratas a dhéanamh.
- Molaimid go láidir duit freisin tosú ar an bpróiseas go luath agus **neart ama** a fhágáil chun d’iarratas a dhéanamh.
- Molaimid go mbeadh sé mar aidhm agat d’iarratas a uaslódáil **daichead a hocht uair an chloig ar a laghad** roimh an spriocdháta fógartha. Ar an gcaoi sin, beidh am agat dul i dteagmháil linn má bhíonn aon fhadhbanna teicniúla agat agus beimid in ann cuidiú leat.
- Tabhair faoi deara, de bharr an líon mór iarratasóirí a úsáideann an córas ar líne lá an spriocdháta, nach féidir linn a dheimhniú go mbeimid in ann aon fhadhbanna teicniúla a bheadh agat a réiteach, sa chás go dtéann tú i dteagmháil linn **i ndiaidh a 2.00 pm lá an spriocdháta**.

# Cosaint Sonraí

Bailíonn an Chomhairle Ealaíon sonraí uait mar chuid de d’iarratas. Iarraimid ort na sonraí seo a sholáthar ionas gur féidir leat iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú agus chun ligean dúinn d’iarratas a mheas.

Áirítear leis na sonraí a bhailímid sonraí pearsanta amhail d’ainm, d’uimhir PSP agus do sheoladh ríomhphoist.

Sa chás go gcuireann tú sonraí níos íogaire ar fáil, amhail sonraí sláinte faoi mhíchumas, iarraimid ort toiliú sainráite a thabhairt dó seo inár bhfoirmeacha iarratais.

Molaimid duit ár mbeartas príobháideachais a léamh chun faisnéis a fháil faoin gcaoi a ndéanaimid do shonraí pearsanta a phróiseáil agus a chosaint.

Má tá aon údair imní ort faoi do shonraí, déan teagmháil linn ag dataprotection@artscouncil.ie

## Sainmhínithear mhaithe leis an dámhachtain seo

- **Gníomhaíocht camchuairte:** Clár nó imeacht ealaíonta a bheidh ar siúl i dtrí áit nó níos mó. D'fhéadfadh imeachtaí ealaíon de chineál ar bith a bheith i gceist le gníomhaíochtaí camchuairte:
    - Taibhithe
    - Ceolchoirmeacha
    - Imeachtaí
    - Taispeántais
    - Saothar ealaíne curtha i láthair ar bhealaí eile ar féidir leis an bpobal dul i ngleic leo nó idirghníomhú leo.

  Aithnímid go bhfuil bealaí éagsúla ann chun saothar ealaíne a léiriú don phobal, agus fáiltímid roimh an éagsúlacht sin sa scéim seo.

- **Ionad:** Tagraíonn sé seo d'ionaid ealaíon, d'ionaid, do dhánlanna, do scoileanna, do hallaí, d'eaglaisí, d'fhéilte nó do spásanna faighte nó coimeádta eile ina mbíonn an ealaín ar siúl. Sa scéim seo, ní gá go dtagródh 'ionad' do spás laistigh, mar go bhféadfadh roinnt camchuairteanna saothar a chur i láthair ar an tsráid, i spás poiblí nó i gcomhthéacsanna a bhaineann go sonrach leis an suíomh. Ní gá go mbeadh d'ionaid nó do shuíomhanna maoinithe ag an gComhairle Ealaíon.
- **Ealaíontóir/eagraíocht ealaíon:** Baineann sé seo le healaíontóirí gairmiúla agus/nó le heagraíochtaí gairmiúla ealaíon. Tuigtear gur duine é an t-ealaíontóir atá go gníomhach ag leanúint gairm bheatha mar ealaíontóir in aon fhoirm ealaíne, agus a áiríonn a gcuid saothar ealaíne mar a bpríomh-phroifisiún nó gairm bheatha. Baineann seo fiú murab é a gcuid oibre na healaíona a bpríomh-fhoinse ioncaim nó má tá fostaíocht eile acu.
- **Lucht féachana:** Tuigimid gur daoine a phléann leis na healaíona iad an lucht féachana/éisteacha – e.g. daoine a fhreastalaíonn ar cheolchoirm, ar thaibhiú nó ar imeacht, cuairteoirí ar thaispeántas, léitheoirí saothair liteartha, éisteoirí agus lucht féachana na n-amharc-ealaíon, srl.
- **Forbairt Lucht Féachana:** Is é an tuiscint atá againn ar lucht féachana/éisteachta a fhorbairt ná gníomhaíocht ar bith a bhfuil sé mar aidhm aici rochtain ar na healaíona a chur ar fáil ar bhonn níos leithne – e.g.
    - Luchtanna éisteachta/féachana **a mhéadú** – níos mó daoine a mhealladh leis an bpróifíl chéanna leis an lucht féachana/éisteacha reatha
    - An caidreamh leis an lucht féachana/éisteachta a **dhoimhniú** – ag cur luach le heispéireas an lucht féachana/éisteachta ach cabhrú leis an lucht féachana/éisteachta dul i ngleic le gníomhaíochtaí gaolmhara - e.g. foirmeacha ealaíne eile, for-rochtain, imeachtaí, cainteanna, ceardlanna, plé, srl.
    - Lucht féachana/éisteachta a **éagsúlú** – daoine ag a bhfuil próifíl atá éagsúil leis an lucht féachana/éisteachta reatha a mhealladh, lena n-áirítear daoine nach raibh i dteagmháil leis na healaíona cheana nó a bhfuil sé deacair orthu teagmháil a dhéanamh leis na healaíona.

- **Rannpháirtíocht an phobail:** Téarma a chuimsíonn an raon leathan de theagmhálacha a d'fhéadfadh a bheith ag an bpobal leis na healaíona. Sainaithníonn an Chomhairle Ealaíon trí réimse a bhfuil suim ar leith acu iontu:
    - Cásanna ina mbíonn an pobal rannpháirteach mar bhaill de lucht féachana (léitheoirí, éisteoirí, lucht féachana)
    - Cásanna ina mbíonn an pobal rannpháirteach mar rannpháirtithe gníomhacha, mar chomhoibrithe nó mar chomhchruthaitheoirí saothar ealaíne nó cleachtas ealaíon
    - Cásanna ina mbíonn daoine páirteach go gníomhach sna healaíona i gcáil dheonach nó amaitéarach.
- **Straitéis maidir le rannpháirtíocht an phobail:** Uaireanta, tagraítear don straitéis seo mar phlean idirghabhála, mar phlean um lucht féachana/éisteachta nó mar phlean PR agus margaíochta. Is ionann do straitéis maidir le rannpháirtíocht an phobail agus cáipéis a chuidíonn linn na nithe seo a leanas a thuiscint:
    - Cén lucht féachana/éisteachta a bhfuil tú ag iarraidh freastail air le do chamchuairt
    - Cén chaoi agus cén fáth ar shainaithin tú an lucht féachana/éisteachta seo
    - Cén cur chuige atá agat maidir le lucht féachana/éisteachta a fhorbairt (amhail do lucht féachana/éisteachta a mhéadú, a dhoimhniú nó a éagsúlú)
    - Conas a áiritheoidh tú go bhfuil an lucht féachana/éisteachta seo ar an eolas faoi do chamchuairt agus conas a spreagfaidh tú iad le freastail uirthi
    - Na huirlisí nó na modhanna a úsáidfidh tú (agus/nó a úsáidfidh na hionaid tionóil a bheidh i gceist) chun an sprioc seo a bhaint amach, amhail bearta margaíochta nó taobh-imeachtaí.

# 1. Maidir leis an Scéim Camchuairte Saothair

## 1.1 An spriocdháta chun iarratais a chur isteach

Ní mór gach iarratas a dhéanamh trí úsáid a bhaint as Seirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon.

| Is é an spriocdháta i gcomhair iarratas: | 5.30 i.n., Déardaoin 8 Bealtaine 2025 |
|---|---|

Déan d'iarratas a ullmhú agus a chur isteach tamall maith roimh an spriocdháta.

## 1.2 Athruithe ar Bhabhta 1 den Scéim Camchuairte Saothair 2026

Tá roinnt athruithe déanta againn le déanaí ar an Scéim Camchuairte Saothair. Déan an liosta thíos a sheiceáil go cruinn maidir le haon athruithe a bhaineann leatsa.

- Lena chinntiú go dtugaimid maoiniú do chamchuairteanna a bhfuil éagsúlacht foirme agus scála ealaíne ag baint leo, tá snáitheanna éagsúla i gceist leis an scéim seo anois. I d'fhoirm iarratais iarrfar ort a léiriú cén snáithe a bhfuil tú ag déanamh iarratais air, bunaithe ar an méid maoinithe atá á lorg agat.
- Ní iarraimid ort plean teagmhasach a sholáthar mar dhoiciméad éigeantach a thuilleadh.
- Tá soiléiriú déanta againn ar an difríocht idir costais rochtana phearsanta/rannpháirtí agus lucht féachana.
- Tá an teimpléad don Mheabhrán Tuisceana (MOU) leasaithe againn ionas gur féidir leat sonraí maidir le tacaíocht chomhchineáil agus ráitis eile ó d'ionaid tionóil agus ó do chomhpháirtithe a chur san áireamh, más gá.
- Táimid tar éis an bealach nach mór duit do bhuiséad a léiriú a athrú (**Tabhair faoi deara:** Tá feidhm fós ag eisceachtaí do chamchuairteanna Amharclannaíochta agus Ceoldrámaíochta).

## 1.3 Cad iad cuspóirí agus tosaíochtaí na scéime?

Is é cuspóir na Scéime Camchuairte Saothair ná ealaín ar ardchaighdeán a chur ar fáil do níos mó daoine ar fud na tíre trí thaispeántas, trí thaibhiú nó trí eispéireas ealaíon eile a thabhairt ar camchuairt go trí ionad tionóil ar a laghad.

Agus muid ag roghnú camchuairteanna le maoiniú, déanaimid barrfheabhas ealaíne an tsaothair féin agus aird shoiléir ar rannpháirtíocht an phobail a mheas.

I roinnt mhaith cásanna, beidh an saothar léirithe cheana féin agus beidh sé mar shaothar ar ghlac an lucht féachana/éisteachta agus léirmheastóirí go maith leis (féach critéir shainiúla le gach foirm ealaíne san aguisín a ghabhann leis na treoirlínte seo maidir le heisceachtaí air seo).

Taispeánfaidh iarratasóirí ar éirigh leo conas a bheidh líonra d'ionaid tionóil agus/nó comhpháirtithe agus comhoibrithe á chruthú nó á úsáid ag a gcamchuairt.

D'fhéadfadh go gcuirfí san áireamh leis seo:

- Ionaid Tionóil
- Féilte
- Ealaíontóirí eile

- Léiritheoirí
- Tionscnóirí
- Eagraíochtaí ealaíon
- Údaráis Áitiúla
- Maoinitheoirí, srl.

Ba cheart go gcuirfeadh do chomhpháirtithe agus do chomhoibrithe le rath do chamchuairte ó thaobh ealaíne, lucht féachana/éisteachta agus geografaíochta/spáis de.

Déanann ár straitéis deich mbliana Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh eolas don Scéim Camchuairte Saothair agus tagraítear inti do phríomhthosaíochtaí na scéime go háirithe, is iad sin an t-ealaíontóir agus rannpháirtíocht an phobail.

Is beartais eile de chuid na Comhairle Ealaíon ar cheart duit d'aird a dhíriú orthu iad seo a leanas:

- Ár mbeartas spásúlachta, Áit, Spás agus Daoine, arb é is aidhm leis a áirithiú go bhfuil rath ar ealaíontóirí, ar lucht féachana/éisteachta agus ar na healaíona ar fud na tíre
- Ár mBeartas um Luach Saothair don Ealaíontóir, ina dtugtar achoimre ar ár dtiomantas maidir le luach saothair agus conraitheoireacht atá cóir agus cothrom d'ealaíontóirí.
- Ár mBeartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta (CÉI), a chosnaíonn cearta gach duine chun sult a bhaint as na healaíona agus le bheith rannpháirteach sna healaíona.

Tacaítear le foirmeacha ealaíne ar leith trí bheartais is féidir a aimsiú ar árr suíomh gréasáin. Tá tosaíochtaí áirithe maidir le camchuairteanna ag gach foirm ealaíne a bhfuil fáil orthu san aguisín a ghabhann leis na treoirlínte seo.

### 1.4 Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh?

Tá an scéim oscailte do:

Daoine aonair agus eagraíochtaí ar mian leo dul ar camchuairt le saothar a chur i láthair ó mhí Eanáir 2026 go mí na Nollag 2026 i bPoblacht na hÉireann. Is féidir le roinnt camchuairteanna leanúint ar aghaidh go luath isteach sa bhliain 2027, má tá cúis réasúnta leis.

Le bheith i dteideal iarratas a dhéanamh, ní mór duit na riachtanais seo a leanas a shásamh:

- Lonnaithe/i do chónaí i bPoblacht na hÉireann. D'fhéadfadh sé go ndéanfaí an t-iarratas a mheas fiú má tá an t-iarratasóir bunaithe lasmuigh de Phoblacht na hÉireann. Mar sin féin, ní mór go gcuirfeadh an t-iarratas in iúl go láidir go rachadh an togra chun tairbhe do na healaíona i bPoblacht na hÉireann.
- Ealaíontóirí gairmiúla nó oibrithe ealaíon i mbun cleachtaidh. Bíodh is go mb'fhéidir nach dtuillfeá ioncam go leanúnach nó go heisiach ó bheith ag obair sna healaíona, ní mór thú féin a aithint agus a bheith aitheanta ag do phiaraí mar ealaíontóir gairmiúil nó oibrí ealaíon atá i mbun cleachtaidh.

### Iarratas a dhéanamh mura cónaitheoir de chuid Phoblacht na hÉireann thú

- Féadfaimid glacadh le hiarratais ó iarratasóirí nach bhfuil cónaí orthu i bPoblacht na hÉireann. Sa chás seo, ní mór duit an chaoi a rachadh do thogra chun tairbhe na n-ealaíon i bPoblacht na hÉireann a mhíniú i gcuid 2.3 den fhoirm iarratais.
- Cinnfimid incháilitheacht d'iarratais bunaithe ar an míniú a thugann tú.

### Má tá maoiniú ón gComhairle Ealaíon á fháil agat cheana féin

Is féidir leis an gcuid is mó d'iarratasóirí a fhaigheann maoiniú ón gComhairle Ealaíon cheana féin iarratas a dhéanamh. Ní mór duit a léiriú go bhfuil an ghníomhaíocht camchuairte dá bhfuil maoiniú á lorg agat sa bhreis ar na gníomhaíochtaí a bhfuil maoiniú tairgthe ina leith cheana féin.

Ní féidir leat iarratas a dhéanamh má tá Maoiniú Straitéiseach, Maoiniú d'Ionaid Ealaíon nó Maoiniú Comhpháirtíochta á fháil agat cheana féin.

### Iarratais chomhoibritheacha nó chomhpháirtíochta

Cuirimid fáilte roimh iarratais ó ealaíontóirí aonair, ó léiritheoirí agus ó chompántais. Mar sin féin, tugann an Chomhairle Ealaíon tosaíocht d'iarratais ina léirítear comhoibriú, comhléiriú agus comhpháirtíocht idir:

- Líonraí
- Cuibhreannais
- Comharghrúpaí eile nó eintitis táirgthe agus léirithe.

Spreagaimid tograí a léiríonn comhpháirtíochtaí ardchaighdeáin idir an bonneagar ealaíon áitiúil agus náisiúnta.

**Tabhair faoi deara:** Ní thacaíonn an Chomhairle Ealaíon le costais dhíreacha chamchuairteanna go hidirnáisiúnta. Mar sin féin, molaimid iarratais ina gcuimsítear tacaíocht ó chomhpháirtithe léirithe idirnáisiúnta agus/nó tacaíocht ó ghníomhaireachtaí ábhartha maoinithe, amhail Cultúr Éireann.

Mar chuid dár mBeartas Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta (EDI), cuirimid fáilte roimh iarratais ó gach cuid den phobal.

Tá aon cheann de na saintréithe sa liosta thíos le háireamh leis sin, cé nach bhfuil sé teoranta dóibh. Áirítear leis freisin tionscnaimh a sholáthraíonn deiseanna nó torthaí cothroma do gach duine lena mbaineann.

- Inscne
- Claonadh gnéis
- Stádas sibhialta nó teaghlaigh
- Reiligiún
- Aois

- Míchumas
- Cine
- Ballraíocht den Lucht Siúil
- Cúlra socheacnamaíoch

I gcás na scéime maoinithe seo, cuirimid fáilte roimh iarratais atá ionadaíoch ar ilchineálacht shochaí na hÉireann.

### Cé hé nó hí an t-iarratasóir?

Is ionann an t-iarratasóir agus an duine nó an eagraíocht a gheobhaidh aon deontas a thairgfear agus a bheidh freagrach as glacadh le téarmaí agus le coinníollacha an deontais sin.

Ní íocfar aon deontas a thairgfear ach isteach i gcuntas bainc atá á shealbhú in ainm an iarratasóra.

Ní féidir linn aon mhaoiniú a thairgimid a íoc ach amháin leis an gcuntas bainc atá i seilbh an ainm lenar chláraigh tú agus a d'iontráil tú i gcuid 1.1 den fhoirm iarratais.

Ciallaíonn sé seo nach mór d'aon doiciméadacht a chuireann tú isteach mar chuid de d'iarratas a bheith i d'ainm.

I gcás iarratas a bhaineann le líonra, cuibhreannas nó comhpháirtíocht, ní mór aon eagraíocht amháin a ainmniú mar an t-iarratasóir.

Sampla

- Déanann tú iarratas ar mhaoiniú chuig an gComhairle Ealaíon faoin ainm 'Maire de Barra'.
- Ní mór d'aon doiciméadacht a chuireann tú isteach a bheith faoin ainm seo.
- Ní mór do na sonraí bainc agus na sonraí cánach a chuireann tú isteach a bheith faoin ainm seo chomh maith.
- Ní ghlacfar le leaganacha éagsúla, amhail Mary Barry nó Máire Barry.
- Má éiríonn le d'iarratas, ní íocfaimid aon mhaoiniú a thairgimid ach amháin leis an gcuntas bainc atá i seilbh d'ainmse.

## 1.5 Cé nach bhfuil i dteideal iarratas a dhéanamh?

Ní bheimid ábalta glacadh le d'iarratas má bhaineann tú le haon cheann de na catagóirí seo:

- Eagraíocht a fhaigheann Maoiniú Straitéiseach/d'Ionaid Ealaíon/Comhpháirtíochta
- Daoine aonair nó eagraíochtaí nach bhfuil cuntas teiste soléirithe acu mar ealaíontóirí gairmiúla nó mar eagraíochtaí ealaíon
- Eagraíocht nó duine aonair nach bhfuil cónaí air nó uirthi/nach bhfuil lonnaithe i bPoblacht na hÉireann
- Eagraíocht nó duine aonair nach ndeimhníonn íocaíocht le haghaidh ealaíontóirí
- Comhalta Chomhairle na bhForas Cultúrtha Náisiúnta (CNCI) atá maoinithe go díreach ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

## 1.6 Cad air ar féidir leat iarratas a dhéanamh?

Cuimsíonn costais incháilithe:

- Costais dhíreacha na camchuairte (tar éis an t-ioncam atá beartaithe a asbhaint)
- Pá agus táillí* don fhoireann ealaíne, chruthaitheach agus theicniúil agus do bhaill foirne eile atá riachtanach chun an chamchuairt a chur ar fáil
- Costais riaracháin atá iomchuí agus i gcomhréir leis na gníomhaíochtaí atá beartaithe
- Trealamh, spás nó ionad tionóil a fháil ar cíos más cuid lárnach é de chur i láthair na gníomhaíochta
- Costais a bhaineann le margaíocht, caidreamh poiblí agus rannpháirteachas leis an bpobal
- Lóistín
- Costais laethúla agus taistil
- Costais rochtana phearsanta nó do rannpháirtithe faoi mhíchumas
- Costais rochtana an lucht féachana do dhaoine faoi mhíchumas
- Costais a bhaineann le léiriúchán, taispeántas nó seó a chur ar bun arís sa chás nach mbeadh na costais sin maoinithe cheana féin ó fhoinse eile
- I roinnt samhlacha camchuairte, is féidir costais a bhaineann le clár oibre nua a chur le chéile, nach bhfuil léirithe go fóill san atriall nó sa chóiriú atá beartaithe, a áireamh – e.g. ceol, na healaíona traidisiúnta, na hamharc-ealaíona, na healaíona ildisciplíneacha. Féach na tosaíochtaí atá ann i leith na bhfoirmeacha ealaíne seo san aguisín a ghabhann leis na treoirlínte seo.

**Tabhair faoi deara:** Maidir le hamharclannaíocht, ceoldrámaíocht, damhsa, sorcas, taibhiú sráide agus mórthaibhsiú, tabharfaimid tús áite d'iarratais a mholann athléiriú a dhéanamh ar léiriúcháin agus iad a thabhairt ar camchuairt le gur féidir a chruthú gur léiríodh go rathúil iad ó thaobh freagra criticiúil agus fhreagra an lucht féachana/éisteachta de.

I gcúinsí eisceachtúla, féadfaidh compántais nó eagraíochtaí ag a bhfuil cuntas teiste *suntasach* acu a mholadh léiriúcháin nár léiríodh go fóill a thabhairt ar camchuairt.

Cé nach bhfuil na costais tosaigh léiriúcháin incháilithe i gcomhair tacaíochta faoin scéim seo, ní mór sonraí airgeadais a sholáthar lena léirítear conas a íocfar as na costais tosaigh léiriúcháin. Iarrtar ar **eagraíochtaí soiléiriú a lorg ó fhoireann ábhartha na Comhairle Ealaíon sula ndéanann siad iarratas.**

## 1.7 Cad nach féidir leat iarratas a dhéanamh air?

Ní féidir leat iarratas a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí ná ar chostais amhail:

- Costais a bhaineann leis na chéad chostais léiriúcháin, mura luaitear a mhalairt
- Costais a bhaineann go díreach le camchuairteanna de shaothar i gcomhthéacs idirnáisiúnta
- Costais a bhaineann go díreach le saothar a thabhairt ar camchuairt i dTuaisceart Éireann
- Mórcheannacháin chaipitiúla

- Príomhchostais leanúnacha nach bhfuil baint dhíreach acu, nach bhfuil oiriúnach agus nach bhfuil comhréireach le gníomhaíochtaí atá beartaithe
- Gníomhaíochtaí nó costais nach n-oireann do chuspóir na scéime
- Gníomhaíochtaí a d'oirfeadh níos fearr do dhámhachtain nó do scéim eile atá á maoiniú ag an gComhairle Ealaíon nó á feidhmiú ag gníomhaireachtaí stáit eile, Cultúr Éireann san áireamh – áirítear leis seo gníomhaíochtaí a bheidh ar siúl lasmuigh de Phoblacht na hÉireann
- Camchuairteanna a bheidh tosaithe roimh mhí Eanáir 2026
- Gníomhaíochtaí ag carthanais chláraithe chun airgead a bhailiú d'eagraíochtaí eile
- Gníomhaíochtaí a bhfuil sé mar aidhm acu páirt a ghlacadh i gcomórtas
- Gníomhaíochtaí chun brabús a dhéanamh
- Gníomhaíochtaí atá maoinithe ó fhoinse eile cheana féin.

## 1.8 Cá mhéad maoinithe ar cheart duit iarratas a dhéanamh air?

Níl uasteorainn ann maidir leis an méid ar féidir iarratas a dhéanamh air.

Mar sin féin, feidhmíonn an Chomhairle Ealaíon faoi shriantachtaí buiséid, tá an scéim an-iomaíoch, agus forchoimeádann an Chomhairle Ealaíon an ceart níos lú ná mar a iarradh a thairiscint. Tá na sonraí maidir leis na hiarratasóirí ar éirigh leo maoiniú a fháil sna blianta roimhe ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle Ealaíon sa chuid [Cé Atá Maoinithe Againn]. Le haghaidh tuilleadh treorach, téigh i dteagmháil le foireann ábhartha na Comhairle Ealaíon.

Tá trí shnáithe sa scéim seo. Ní mór duit a chur in iúl cén tsnáithe ar a bhfuil iarratas á dhéanamh agat. Tá na snáitheanna seo bunaithe ar an tsuim iomlán maoinithe atá á iarraidh agat ón gComhairle Ealaíon:

- Snáithe 1: suas le €50,000
- Snáithe 2: idir €50,001 agus €150,000
- Snáithe 3: os cionn €150,000

Ní mór duit sonraí buiséid a chur isteach maidir le do thogra nuair a dhéanann tú iarratas. Is ionann an t-uasmhéid maoinithe is féidir leat a iarraidh agus an difríocht idir an CAITEACHAS BEARTAITHE agus an t-IONCAM BEARTAITHE a léiríonn tú sa bhuiséad.

- Ba cheart go n-áireofaí leis an gcaiteachas beartaithe gach táille agus pá,*, costais theicniúla, costais mhargaíochta agus phoiblíochta, costais riaracháin, srl.
- Ba cheart go n-áireofaí leis an ioncam beartaithe an méid airgid a shíleann tú a gheofar ó mhaoinitheoirí eile, fáltais ó dhíol ticéad, díolacháin chlár, etc.
- Is tábhachtach freisin gach tacaíocht chomhchineáil** a léiriú san ioncam agus sa chaiteachas araon chun fíorluach agus luach iomlán do thogra a chur in iúl.

Iarrtar ort an t-ioncam, an caiteachas agus an méid atá á iarraidh agat a shonrú ag na céimeanna seo a leanas le linn d'iarratais:

- Ar líne, nuair a chuirfidh tú tús leis an iarratas (na figiúirí iomlána amháin)
- I gcuid 3 den fhoirm iarratais

- I mbuiséad atá faoi iamh: ba cheart duit mionsonraí a sholáthar sa bhuiséad seo. Ní mór d'iarratasóirí Amharclannaíochta an Teimpléad Buiséid le haghaidh Camchuairt Amharclannaíochta a úsáid, ní mór d'iarratasóirí Ceoldrámaíochta an Teimpléad Buiséid le haghaidh Camchuairt Ceoldrámaíochta a úsáid, agus ní mór do gach iarratasóir eile an Teimpléad Buiséid le haghaidh Camchuairt Ghinearálta a úsáid – féach ar chuid 1.9 thíos.

Cinntigh go bhfuil na figiúirí iomlána mar an gcéanna ar gach rud; agus cinntigh gurb ionann an méid atá á iarraidh agus CAITEACHAS IOMLÁN lúide IONCAM IOMLÁN. Ní mór gach suim a lua in euro (€).

## * NÓTAÍ

*** Nóta maidir le pá ealaíontóirí**

Tá an Chomhairle Ealaíon tiomanta do dhálaí maireachtála agus oibre ealaíontóirí a fheabhsú. Tugtar forléargas ar an tiomantas seo maidir le luach saothair agus conraitheoireacht atá cóir agus cothrom d'ealaíontóirí inár mbeartas um Luach Saothair don Ealaíontóir.

Agus tú ag smaoineamh ar tháille iomchuí a íoc leat féin nó le comhoibrí nó meantóir, moltar duit teagmháil a dhéanamh le heagraíochtaí acmhainne a bhaineann go sonrach le d'fhoirm ealaíne féin.

Is féidir liosta a fháil ar ár suíomh gréasáin Luach Saothair don Ealaíontóir d'eagraíochtaí ionadaíocha agus acmhainne sna hearnálacha éagsúla ealaíne. Is féidir naisc a aimsiú freisin chuig na hacmhainní a chuireann siad ar fáil.

Ná hiarr méid atá níos lú ná an méid a theastóidh, dar leat, chun do chuspóirí a bhaint amach. Ba cheart an méid a íocfaidh tú leat féin as an am a chaithfidh tú ag forbairt do chleachtais mar ealaíontóir nó mar chleachtóir ealaíon a chur san áireamh sa mhéid a iarrann tú.

Ba cheart táillí nó pá a chur san áireamh freisin d'aon duine aonair, eagraíocht nó grúpa a bhfuil sé ar intinn agat comhoibriú leo.

Sula gcuireann tú sonraí pearsanta daoine aonair eile ar fáil, cinntigh go bhfuil siad ar an eolas:

- Go gcoimeádfaidh an Chomhairle Ealaíon faisnéis a bhaineann leo
- Gur féidir leis an gComhairle Ealaíon an fhaisnéis sin a úsáid chun na gcríoch atá leagtha amach sa bheartas príobháideachais a bhaineann leis an iarratas seo ar mhaoiniú.

Ba cheart go dtiocfadh an méid a shonraíonn tú mar íocaíocht duit féin agus d'aon duine aonair, eagraíocht nó grúpa le:

- Céim do ghairmréime/a ngairmréime
- Nádúr do chleachtais/a gcleachtais
- Fad do thogra.

Ba cheart go mbeadh sé iomchuí freisin do chaighdeáin na tionsclaíochta laistigh de do chleachtas ealaíon.

| | |
|---|---|
| **** Nóta maidir le tacaíocht chomhchineáil** | Má tá tú ag súil le tacaíocht chomhchineáil a fháil, is gá duit luach airgeadais a chur uirthi ionas go mbeidh an ranníocaíocht a dhéanann sí le fíorluach do thogra soiléir. Ba cheart duit caitheamh le tacaíocht chomhchineáil mar chaiteachas agus mar ioncam araon: pé méid a dhearbhaíonn tú ar thaobh an chaiteachais, ba cheart duit é a dhearbhú freisin ar thaobh an ioncaim.<br><br>Ní féidir am a thugann na stiúrthóirí nó comhaltaí boird a áireamh mar chostas comhchineáil.<br><br>Más ioncam comhchineáil amháin atá san ioncam iomlán le haghaidh do thionscadail, ní mór duit a mhíniú cén fáth nach gcuirtear foinsí ioncaim eile ar fáil sa bhuiséad atá beartaithe agat. |

**Costais rochtana d'ealaíontóirí nó rannpháirtithe[1] faoi mhíchumas**

Tá an Chomhairle Ealaíon tiomanta dár gcláir mhaoinithe agus an obair a mhaoinímid a dhéanamh inrochtana do chách.

Tógann an Chomhairle Ealaíon an sainmhíniú ar mhíchumas ó Airteagal 1 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, ina sonraítear:

> "Áirítear i measc daoine faoi mhíchumas iad siúd ar a bhfuil lagú fadtéarmach fisiceach, meabhrach, intleachtúil nó céadfach a d'fhéadfadh, le taobh bacainní éagsúla, a bheith ina chonstaic roimh rannpháirtíocht iomlán éifeachtach sa tsochaí ar bhonn comhionann le daoine eile."

Is féidir leat costais rochtana do dhaoine faoi mhíchumas a chur san áireamh laistigh de d'iarratas agus tá dhá chineál ann ar féidir leat iarratas a dhéanamh orthu.

**1. Costais phearsanta do rannpháirtithe nó do dhaoine faoi mhíchumas**

Ba cheart go mbainfeadh an tacaíocht seo bacainní d'ealaíontóirí nó do rannpháirtithe faoi mhíchumas a bhfuil do thogra á sheachadadh acu. Mar shampla:

- Tusa
- Na príomhealaíontóirí, daoine aonair, grúpaí nó eagraíochtaí a bhfuil baint acu le do thogra
- Comhpháirtithe nó comhoibrithe
- Foireann léiriúcháin
- Príomhfhoireann nó príomhphearsanra riaracháin.

D'fhéadfaí na cinn seo a leanas a áireamh le roinnt samplaí den tacaíocht:

- Ateangaire Theanga Chomharthaíochta na hÉireann do rannpháirtí nó do rannpháirtithe
- Seirbhísí oibrí tacaíochta rochtana.
- Am breise cleachtaidh nó sa stiúideo.

[1] Tugann an Chomhairle Ealaíon sainmhíniú ar rannpháirtithe mar iad siúd a chuireann iad féin in iúl go cruthaitheach trí pháirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí ealaíonta.

**Tabhair faoi deara:** Is féidir cur isteach ar na costais rochtana phearsanta do dhaoine agus do rannpháirtithe faoi mhíchumas anuas ar an uasmhéid atá ar fáil don dámhachtain.

**2. Costais rochtana lucht féachana do dhaoine faoi mhíchumas**

Is costais iad seo chun do chuid oibre a dhéanamh inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas agus ba cheart iad a mheas mar ghnáthchuid de do chuid oibre. Táimid ag iarraidh a chinntiú go mbainfidh tuilleadh daoine sásamh as eispéiris ealaíon ar ardchaighdeán agus gur féidir le gach duine rochtain a fháil ar, agus sásamh a bhaint as an obair a mhaoinímid.

Sampla de chostais rochtana chun do chuid oibre a dhéanamh insroichte do lucht féachana is ea:

- Ateangaire TCÉ le haghaidh d'imeachta nó le haghaidh do thaibhithe
- Seirbhís tráchtaireachta fuaime a úsáid
- Do shuíomh gréasáin a chur in oiriúint do léitheoirí scáileáin
- Ábhair taispeántais a léiriú i bhformáidí eile, amhail Braille nó fuaim.

**Tabhair faoi deara:** Ba cheart duit costais rochtana lucht féachana do dhaoine faoi mhíchumas a chur san áireamh sa tsuim iomlán a iarrann tú. Ní mór dóibh a bheith laistigh den uasmhéid atá ar fáil don dámhachtain.

**Cad a tharlóidh má tá an maoiniú a chuirtear ar fáil níos lú ná an méid a d'iarr mé?**

Má thairgtear maoiniú duit atá níos lú ná an méid a d'iarr tú, pléifimid leat conas a bheartaíonn tú do ghníomhaíocht mholta a sheachadadh agus athbhreithniú á dhéanamh agat ar an mbuiséad athbhreithnithe.

**Conas iarratas a dhéanamh ar chostais rochtana do dhaoine faoi mhíchumas**

Ní mór dúinn tuiscint a fháil ar an bhfáth a bhfuil tú ag cur isteach ar chostais rochtana do dhaoine faoi mhíchumas agus ar an gcaoi a gcomhlíonann siad riachtanais do rannpháirtithe nó do lucht féachana.

Má chuireann tú costais rochtana do dhaoine faoi mhíchumas san áireamh i do thogra, ní mór duit na costais a léiriú in dhá líne ar leithligh den fhoirm iarratais.

- Líne le haghaidh costais rochtana phearsanta do dhaoine nó do rannpháirtithe faoi mhíchumas agus sin amháin
- Líne le haghaidh costais rochtana phoiblí do dhaoine faoi mhíchumas agus sin amháin.

Caithfear cáipéis a uaslódáil freisin ina liostaítear na costais sin i dteannta na n-ábhar tacaíochta. Tá teimpléad roghnach ar fáil ar leathanach maoinithe na Scéime Camchuairte Saothair ar shuíomh gréasáin na Comhairle Ealaíon.

**Tabhair faoi deara:** Is cuma má úsáideann tú teimpléad na Comhairle Ealaíon nó do cháipéis féin, ní mór an dá chineál costais rochtana do dhaoine faoi mhíchumas a thaispeáint ar leithligh.

Lena fháil amach faoin mbealach a ndéanann muid d'iarratas a mheas, féach ar chuid 3 de na treoirlínte thíos.

### 1.9 Cén t-ábhar tacaíochta NACH MÓR duit a chur isteach le d'iarratas?

Ciallaíonn ábhar tacaíochta ábhar **ar leith ó** d'fhoirm iarratais agus **sa bhreis air**. Cabhraíonn sé seo leis an duine a bhfuil measúnú á dhéanamh aige ar d'iarratas chun tuiscint níos soiléire a fháil ar do thogra. Léigh go han-chúramach an liosta seo a leanas den ábhar tacaíochta a theastaíonn, mar is é an chúis is mó a meastar iarratais a bheith neamh-incháilithe ná go dteiptear cloí leis seo.

Ar mhaithe le bheith incháilithe do mhaoiniú faoin Scéim Camchuairte Saothair, chomh maith le foirm iarratais chomhlánaithe, **ní mór** duit an t-ábhar tacaíochta seo a leanas a chur isteach ar líne:

- **Meabhrán tuisceana (MOU)** sínithe do **gach ceann** de do chuid eagraíochtaí comhpháirtíochta ina sonraítear spriocphobail, socruithe margaíochta agus airgeadais – bain úsáid as an teimpléad meabhráin.
    - Cuir na Meabhráin Tuisceana chomhlánaithe go léir isteach in aon cháipéis amháin lena gcur isteach
    - I gcás nach féidir meabhrán tuisceana a chur ar fáil (e.g. i gcás ionad ealaíon nach bhfuil faoi bhainistíocht ghairmiúil), teastaíonn nóta ina mínítear é seo
    - Tá fianaise ar aon tacaíocht airgeadais nó urraíocht nó tacaíocht chomhchineáil nach bhfuil meabhrán tuisceana agat ina leith riachtanach freisin
    - Cinntigh go bhfuil spriocanna maidir le lucht féachana/éisteachta agus maidir le tacaíocht airgeadais i do Mheabhráin Tuisceana ag teacht leis na figiúirí a chuir tú ar fáil ar an bhfoirm iarratais.

**Tabhair faoi deara:** Níl meabhráin tuisceana riachtanach le haghaidh camchuairteanna amharclannaíochta – ina n-ionad sin, ní mór d'iarratasóirí an dá tháb den **Teimpléad Buiséid le haghaidh Camchuairt Amharclannaíochta** a chomhlánú, achoimre ar chomhaontuithe le hionaid tionóil san áireamh.

- Tá **buiséad mionsonraithe** ag teastáil le haghaidh gach iarratais, ach úsáidfidh iarratasóirí éagsúla teimpléid éagsúla:
    - Ní mór d'iarratasóirí ar Chamchuairteanna Ceoldráma an Teimpléad Buiséid le haghaidh Camchuairt Cheoldráma a chomhlánú agus a chur isteach
    - Ní mór d'iarratasóirí ar Chamchuairteanna Amharclannaíochta an Teimpléad Buiséid le haghaidh Camchuairt Téatair a chomhlánú agus a chur isteach
    - Ní mór do gach iarratasóir eile an Teimpléad Buiséid le haghaidh Camchuairt Ghinearálta a chomhlánú agus a chur isteach

- **Straitéis maidir le Rannpháirtíocht an Phobail** (3 leathanach ar a mhéad)

Féach **Sainmhínithe ar mhaithe leis an dámhachtain seo** thuas, mar aon le **tosaíochtaí na foirme ealaíne agus an chleachtais ealaíon ar leith** atá leagtha amach in aguisín a ghabhann leis na treoirlínte seo.

- **Fianaise ar chuntas teiste**
    - CVanna reatha, beathaisnéis ealaíontóirí agus/nó próifíl chuideachta (dhá leathanach ar a mhéad) príomhphearsanra ealaíne chun cuntas teiste ealaíonta gairmiúil a thaispeáint

  - CVanna, beathaisnéis agus/nó próifíl chompántais de chuid phríomhphearsanra eile (2 leathanach an ceann ar a mhéad) – e.g. próifíl saorléiritheora - lena léirítear cuntas teiste ábhartha agus saineolas ábhartha maidir le bainistíocht léiriúcháin, seachadadh camchuairteanna, bainistíocht riosca srl.
  - Cuir gach CV comhlánaithe in aon doiciméad amháin lena gcur isteach le do thoil.

- **Samplaí d’obair:**
  - Ní mór duit samplaí den obair atá beartaithe a chur ar fáil
  - I roinnt cásanna, d'fhéadfá samplaí a sholáthar de shaothar ealaíne den chineál céanna, ach ábhartha, le príomhealaíontóirí agus/nó grúpa, cuideachta nó eagraíocht.
  - Maidir le **hAmharclannaíocht, Damhsa, Ceoldrámaíocht, Sorcas agus Taibhiú Sráide**, iarrtar ort fianaise a sholáthar ar an gcaoi a bhfuarthas an obair atá beartaithe roimhe seo – e.g. trí athbhreithnithe nó faisnéis ó oifig na dticéad.

**Ní mór** an t-ábhar tacaíochta ar fad **a chur isteach ar líne.** Ní ghlacfar le hábhar tacaíochta i bhfoirm cruachóipe. Cuir faisnéis chomhthéacsúil san áireamh le haghaidh gach ábhar tacaíochta i dtéacschomhad atá lipéadaithe go soiléir.

| | |
|---|---|
| **Grianghraif** | Lipéadaigh gach íomhá go soiléir agus déan cinnte go soláthraíonn tú eolas comhthéacsúil ábhartha. D’fhéadfaí sonraí a chuimsiú maidir le teideal agus dáta na saothar, le meáin agus toisí, leis an áit ar cuireadh an saothar i láthair, etc. |
| **Saothar d’íomhánna gluaisteacha** | Cuir faisnéis chomhthéacsúil ábhartha ar fáil. D’fhéadfadh sonraí a bheith i gceist leis sin faoin saothar, cá huair a léiríodh nó cá háit ar léiríodh é, tráchtaireacht ar théama an tsaothair nó tráchtaireacht ghinearálta, ainm na dtaibheoirí, conas a maoiníodh an saothar (e.g. dámhachtain, féinmhaoiniú). Níor cheart na sleachta a bheith níos faide ná trí nóiméad agus níor cheart níos mó ná trí shliocht a chur isteach. |
| **Taifeadtaí ceoil/fuaime** | Áirigh ainmneacha taibheoirí agus tabhair sonraí ionstraimíocht más iomchuí. |
| **Samplaí scríbhneoireachta** | Ná cuir isteach níos mó ná deich leathanach de shaothar liteartha nó de script – ní féidir le baill den phiarphainéal scripteanna iomlána dráma/scannáin nó lámhscríbhinní liteartha iomlána eile a léamh. |
| **Tagairtí do shaothair réimse phoiblí/fhoilsithe** | Tabhair go leor sonraí ionas go mbeifear ábalta na saothair a aithint go soiléir – e.g., sonraí foilseacháin maidir le leabhair, sonraí suímh maidir le foirgnimh nó suiteálacha, etc. |

**Tabhair faoi deara:** Is féidir úsáid a bhaint as naisc chuig ardáin sruthaithe le samplaí de shaothar a thabhairt. Ní mór ábhar tacaíochta neamhspleách amhail CVanna agus litreacha tacaíochta etc. a uaslódáil mar cháipéisí ar leith le d'iarratas.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi na formáidí is féidir a úsáid chun d'ábhar tacaíochta a uaslódáil mar chuid de d'iarratas, féach rannán **2.3 Ullmhaigh aon ábhar tacaíochta atá riachtanach don iarratas.**

**Féach freisin na tosaíochtaí maidir le foirmeacha ealaíne agus cleachtais ealaíon ar leith atá leagtha amach in aguisín a ghabhann leis na treoirlínte seo.**

## Ábhar breise a bhíonn de dhíth i gcásanna áirithe

- **Maidir le hiarratais a bhaineann le costais rochtana do dhaoine faoi mhíchumas**

Má tá tú ag lorg costais rochtana bhreise phearsanta nó do rannpháirtí faoi mhíchumas nó don lucht féachana faoi mhíchumas, cuir cáipéis san áireamh ina leagtar amach na costais sin, agus an chaoi ar thángthas orthu. Déan cinnte go gcuireann tú an méid breise san áireamh mar chuid de do bhuiséad.

- **Maidir le hiarratais a bhaineann le leanaí agus le daoine óga atá faoi bhun ocht mbliana déag d’aois**

Má sholáthraítear seirbhísí cultúrtha, áineasa, oideachasúla nó seirbhísí eile do leanaí nó do dhaoine óga faoi bhun ocht mbliana déag mar chuid de do thogra, ní mór beartais agus nósanna imeachta oiriúnacha um chosaint leanaí a bheith i bhfeidhm agat.

  - Ní mór duit a chur in iúl cé acu a bhaineann nó nach mbaineann do thogra leis an aoisghrúpa seo i gcuid 1 den fhoirm iarratais.
  - Má fhreagraíonn tú ‘Baineann' agus má éiríonn le d'iarratas, beidh ort a léiriú go bhfuil beartais agus nósanna imeachta oiriúnacha um chosaint leanaí i bhfeidhm agat.
  - Ní mór duit ár bhfoirm féin-iniúchta um chosaint leanaí a chomhlánú. Ní gá duit doiciméad breise a uaslódáil ag an iarraidh seo. Má éiríonn le d’iarratais, is féidir gur gá duit a léiriú go bhfuil beartais agus nósanna imeachta oiriúnacha um chosaint leanaí curtha i bhfeidhm agat.

- **Obair le daoine fásta soghonta**

Má bhíonn obair le daoine fásta soghonta i gceist le do thogra, ní mór duit tásc a thabhairt air sin i gcuid 1 den fhoirm iarratais.

Leis sin, aithníonn tú go gcloíonn tú leis an mBeartas & na Nósanna Imeachta Náisiúnta um Chosaint Daoine Leochaileacha atá i mBaol Drochúsáide.

**Tabhair faoi deara:** Is féidir go n-iarrfaimid ort tuilleadh fianaise a chur ar fáil de chomhlíonadh na mbeartas agus na nósanna imeachta seo má éiríonn le d’iarratas.

- **Maidir le hiarratais a bhaineann le bheith ag obair le hainmhithe**

Má tá obair le hainmhithe i gceist le do thogra, ní mór duit cóip de do *Bheartas agus Nósanna Imeachta um Chosaint Ainmhithe* a chur ar fáil.

**Tabhair faoi deara:**

**D'fhéadfadh sé go n-iarrfaí ort níos mó fianaise maidir le bheith ag cloí leis na beartais seo a chur ar fáil má éiríonn le d'iarratas.**

- **D'fhonn an líon mór iarratas a fhaighimid de ghnáth a mheas go tráthúil, ní féidir linn aon ábhar tacaíochta seachas na cinn atá liostaithe thuas a athbhreithniú.**
- **Measfar d'iarratas neamh-incháilithe mura gcuirfidh tú an t-ábhar tacaíochta éigeantach isteach.**
- **Bain úsáid as an seicliosta ag deireadh na foirme iarratais chun tacú le do thogra.**

## 1.10 Incháilitheacht

Ní ghlacfaimid le d'iarratas sna cásanna seo a leanas:

- Chaill tú an spriocdháta d'iarratais
- Níor chomhlánaigh tú gach cuid den fhoirm iarratais a bhí riachtanach
- Níor chuir tú an t-ábhar tacaíochta a bhí á lorg againn ar fáil
- Níl do chamchuairt ag dul go trí ionad tionóil ar a laghad
- Ní féidir leat iarratas a dhéanamh mar atá leagtha amach gcodanna 1.4 agus 1.7 thuas
- Déanann tú níos mó ná iarratas amháin – ní féidir linn glacadh le níos mó ná iarratas amháin in aghaidh an iarratasóra
- Níor uaslódáil tú d'fhoirm iarratais agus d'ábhar tacaíochta trínár dtairseach maoinithe Seirbhísí ar Líne, mar atá leagtha amach i gcuid 1.9 thuas
- Níor chuir tú d'ábhar tacaíochta ar fáil san fhormáid cheart. Féach ar chuid 2.3 Ullmhaigh aon ábhar tacaíochta atá riachtanach don iarratas.
- D'iarr tú ar níos mó nó ná an méid atá ceadaithe. Mar sin féin, is féidir leat costais phearsanta rochtana bhreise do dhaoine faoi mhíchumas a iarraidh má éilítear amhlaidh le do thogra. Féach cuid Costais rochtana d'ealaíontóirí nó do rannpháirtithe faoi mhíchumas.
- Rinne tú iarratas ar ghníomhaíochtaí nó ar chostais nach bhfuil cumhdaithe ag an dámhachtain seo. Féach cuid 1.7 Cad nach féidir leat iarratas a dhéanamh air?
- Tá d'iarratas níos oiriúnaí do dhámhachtain eile de chuid na Comhairle Ealaíon. Cuirfimid an dámhachtain eile in iúl duit sa chás sin.
- Tá d'iarratas níos oiriúnaí do chomhlacht rialtais nó comhlacht poiblí eile.

Má tá d'iarratas neamh-incháilithe, ní dhéanfaimid measúnú air. Sa chás sin, beidh tú i dteideal iarratas a dhéanamh an athuair leis an togra céanna i mbabhta maoinithe éigin amach anseo.

# 2. An dóigh le d’iarratas a dhéanamh

## 2.1 Cláraigh le Seirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon

Ní mór gach iarratas a dhéanamh trí Sheirbhísí ar Líne na Comhairle Ealaíon; ní ghlacfar le hiarratais a dhéanfar ar bhealach ar bith eile (sa phost, ar facs nó ar ríomhphost).

Ní mór go mbeadh cuntas Sheirbhísí ar Líne agat chun iarratas a dhéanamh. Mura bhfuil cuntas Seirbhísí ar Líne agat cheana féin, cláraigh do chuntas tríd an bhfoirm chlárúcháin a chomhlánú anseo: https://onlineservices.artscouncil.ie/register.aspx?&lang=gd-ge.

Laistigh de chúig lá oibre, seolfar ARN (Uimhir Thagartha Ealaíontóra) uathúil agus pasfhocal chugat trí ríomhphost, agus beidh tú in ann úsáid a bhaint astu chun logáil isteach ar na Seirbhísí ar Líne.

### Riachtanais maidir leis na Seirbhísí ar Líne a úsáid

**Tabhair faoi deara:** Beidh ríomhaire nó ríomhaire glúine de dhíth ort chun d’iarratas a chur isteach. Ní oibríonn ár láithreán gréasáin Seirbhísí ar Líne ar fhóin ná ar tháibléid.

Ní mór do do ríomhaire agus don bhrabhsálaí idirlín na riachtanais seo a leanas a chomhlíonadh ionas go n-oibreoidh na Seirbhísí ar Líne duit:

| | |
|---|---|
| PC | • Córas oibriúcháin Windows 7 nó leagan níos déanaí de Windows<br>• Oibreoidh OLS leis na leaganacha is déanaí de gach brabhsálaí – e.g. Microsoft Edge, Google Chrome, Safari, Mozilla Firefox |
| Mac | • Mac OS X v10.5 Leopard nó leagan níos déanaí de chóras oibriúcháin Mac<br>• Oibreoidh OLS leis na leaganacha is déanaí de gach brabhsálaí – e.g. Microsoft Edge, Google Chrome, Safari, Mozilla Firefox |

**Tabhair faoi deara:** Ní mór go mbeidh Microsoft Word (Deasc) nó OpenOffice Writer suiteáilte agat freisin chun an fhoirm iarratais féin a chomhlánú. Bogearra saor in aisce is ea OpenOffice Writer is féidir a íoslódáil anseo: https://www.openoffice.org.

### Úsáideoirí OpenOffice

Féach ar ár bhfíseán *Using OpenOffice to download, complete and upload the application form* ag https://www.youtube.com/watch?v=iT9XxgmgoEo.

**Ní mór duit** OpenOffice Writer leagan 4.0.1 nó níos luaithe a úsáid. Nuair a úsáidtear leaganacha níos déanaí ná 4.0.1 de OpenOffice Writer athraíonn an chaoi a bhfeictear ár bhfoirmeacha iarratais nuair a chuirtear isteach trí Sheirbhísí ar Líne iad.

### Nótaí tábhachtacha d’úsáideoirí Apple Mac

- Tabhair faoi deara an chuid san fhíseán YouTube (ag 1 nóim. 20, tá an nasc ar fáil thuas) ina bpléitear leis an leagan 4.0.1 a íoslódáil ar ríomhairí Mac ar a mbeadh an córas oibriúcháin Mac OS Mojave nó leagan níos luaithe suiteáilte.
- Ní féidir OpenOffice 4.0.1 a íoslódáil ar Mac ar a bhfuil an córas oibriúcháin MAC OS Catalina. Má tá an córas oibriúcháin seo nó leagan níos déanaí de suiteáilte ar do Mac, beidh ort leagan 4.1.9 de OpenOffice, nó leagan níos nuaí de, a íoslódáil agus a úsáid.

Mura féidir leat aon cheann de na riachtanais sin a chomhlíonadh nó mura dtuigeann tú iad, téigh i dteagmháil linn le comhairle a fháil chomh luath agus is féidir leat roimh an spriocdháta.

### Fág do dhóthain ama agat féin chun an t-iarratas a chomhlánú

Ba cheart duit eolas a chur ar shuíomh gréasáin na Seirbhísí ar Líne tamall maith roimh an spriocdháta agus roimh duit iarratas a ullmhú. Is dócha go mbeidh an-chuid cuairteoirí ar an suíomh tráthnóna an spriocdháta. Ba cheart duit d'iarratas a ullmhú agus a chur isteach tamall maith roimh an spriocdháta.

D'fhéadfadh an t-am uaslódála a bheith i bhfad níos faide ná an t-am íoslódála. D'fhéadfadh sé go dtógfadh sé níos faide ná mar a cheapfá d'ábhar tacaíochta a uaslódáil.

### Tacaíocht theicniúil a fháil

Má bhíonn tacaíocht theicniúil uait agus iarratas ar líne á dhéanamh agat, déan teagmháil linn.

- Ríomhphost: onlineservices@artscouncil.ie
- Guthán: 01 618 0200/01 6180243

Tabhair uimhir ghutháin agus déan cinnte go bhfuil tú ar fáil chun glaoch uainn a fhreagairt.

Déileálaimid le fiosruithe ar bhonn tús freastail ar an gceann is túisce. Molaimid duit aon deacrachtaí teicniúla a thuairisciú dúinn **tamall maith roimh** an spriocdháta.

Cuimhnigh go ndéantar anrud glaonna ag druidim leis an spriocdháta.
B'fhéidir nach réiteofaí glaonna i dtaobh tacaíocht theicniúil a gheofar tar éis **2.00pm** ar an dáta deiridh roimh an spriocdháta.

## 2.2 Líon isteach an fhoirm iarratais

Mura bhfuil sé seo déanta agat cheana féin, íoslódáil an fhoirm iarratais don dámhachtain ar mian leat iarratas a dhéanamh uirthi. Is cáipéis Microsoft Word (Deisce)/OpenOffice Writer í an fhoirm iarratais, a chomhlánóidh tú as líne (ar do ríomhaire féin). Tugtar treoir ar an bhfoirm iarratais maidir le conas gach cuid den fhoirm a líonadh isteach.

**Tabhair faoi deara:** Tá an fhoirm iarratais leagtha amach ar bhealach gur féidir leis an gComhairle Ealaíon faisnéis a bhaint uaithi chun críocha measúnaithe. Tá sé **thar a bheith tábhachtach** go mbeidh freagraí clóscríofa sna boscaí liatha ar an bhfoirm, agus nach mbainfear iad agus/nó nach mbeidh rud ar bith clóscríofa lasmuigh díobh. Má dhéanann tú é sin, beidh fadhbanna ann agus d'fhoirm á huaslódáil.

### Do chás a chur i láthair

Chun an cás is fearr a chur i láthair maidir le cén fáth ar cheart duit maoiniú a fháil, ba cheart duit breithniú an-chúramach a dhéanamh ar cad a chuirfidh tú san áireamh sna codanna seo a leanas den fhoirm.

| | |
|---|---|
| 2.1 Teideal do chamchuairte | Ní mór teideal gearr tuairisciúil a thabhairt ar an gcamchuairt. Ag brath ar nádúr na camchuairte, d'fhéadfaí teideal an imeachta nó na gníomhaíochta, ainm an ghrúpa ar camchuairt, nó teideal an tsaothair atá á léiriú a áireamh anseo. |

| | |
|---|---|
| | Samplaí — Camchuairt náisiúnta St Matthew's Passion le Bach á sheinm ag an gCeolfhoireann Fhiolarmónach<br>Camchuairt líonra de thrí dhráma ghearra le Beckett á léiriú ag Compántas Drámaíochta an Bhaile Nua |
| 2.2 Achoimre ar do thogra | Déan achoimre ar do thogra (suas le trí phointe ghearra).<br>Má éiríonn le d'iarratas, féadfar an achoimre seo a fhoilsiú ar na leathanaigh **Cé atá Maoinithe againn** ar shuíomh Gréasáin na Comhairle Ealaíon – ar an ábhar sin, ba cheart duit cuimhneamh go bhféadfadh níos mó daoine ná measúnóirí na Comhairle Ealaíon an méid a scríobhann tú a léamh. |
| 2.3 Sonraí faoi do thogra | Cuid lárnach de do thogra is ea an méid a scríobhfaidh tú anseo agus ba cheart go gcabhródh sé leis na daoine a bheidh i mbun measúnú ar d'iarratas tuiscint a fháil ar cad is mian leat a dhéanamh agus cén fáth.<br>D'fhéadfaí go gcuimseofaí sonraí ar do spriocanna agus uaillmhianta ealaíonta, mar aon le sonraí praiticiúla ar nós sceidil, eolas ar phríomhpháirtithe, conas atá sé i gceist agat lucht féachana/éisteachta a mhealladh, agus aon sonraí riaracháin, teicniúla nó airgeadais eile atá ábhartha i do thuairim. |
| 2.4 Pá agus coinníollacha d'ealaíontóirí | Iarrfar ort an chaoi a gcinnteoidh tú pá cóir agus coinníollacha cearta do na healaíontóirí agus do na hoibrithe ealaíon a oibríonn leat a leagan amach anseo. |
| 2.5 D'iarratas agus na critéir mheasúnaithe | Déan cur síos ar an gcaoi a gcomhlíonann d'iarratas gach ceann de chritéir mheasúnaithe na scéime seo – féach cuid **3.2 An próiseas measúnaithe.** |
| 2.6 Ionaid tionóil don chamchuairt | Liostaigh na hionaid tionóil don chamchuairt agus tabhair an líon lucht féachana/éisteachta atá comhaontaithe agat leis na hionaid sin. Má theastaíonn níos mó spáis uait chun an cheist seo a fhreagairt, uaslódáil cáipéis tacaíochta mar ábhar tacaíochta breise faoin ainm 'Ionaid Tionóil Bhreise'. |
| 2.7 Ealaíontóirí, daoine aonair, grúpaí nó eagraíochtaí eile a bhfuil baint acu le do thogra | Liostaigh na healaíontóirí, daoine aonair, grúpaí nó eagraíochtaí eile a bhfuil baint acu le do thogra (seachas na suíomhanna nó na heagraíochtaí a thugtar sa liosta thuas). Má theastaíonn níos mó spáis uait chun an cheist seo a fhreagairt, uaslódáil cáipéis tacaíochta mar ábhar tacaíochta breise faoin ainm 'Ealaíontóirí a ghlacfaidh páirt inár dtogra ar lean'. |

## 2.3 Ullmhaighaon ábhar tacaíochta atá riachtanach don iarratas

Ní mór duit ábhar tacaíochta a chur isteach le d'iarratas. Mar shampla, d'fhéadfadh go mbeadh CV, nó samplaí de shaothar reatha de do chuid san áireamh anseo – e.g. téacs, físeán, íomhánna, nó taifeadtaí fuaime (féach cuid **1.9 Cén t-ábhar tacaíochta NACH MÓR duit a chur isteach le d'iarratas?**).

Ní mór duit an t-ábhar tacaíochta uile den sórt sin a chur isteach ar líne – ba cheart duit, más gá, ábhar a scanadh nó a shábháil i bhformáid leictreonach.

### Na formáidí comhaid a nglactar leo

Liostaítear sa tábla seo a leanas formáidí comhaid do d’ábhar tacaíochta.

| Cineál comhaid | Iarmhír comhadainm |
|---|---|
| téacschomhaid | .rtf/.doc/.docx/.txt |
| comhaid íomhá | .jpg/.gif/.tiff/.png |
| comhaid fuaime | .wav/.mp3/.m4a |
| comhaid físe | .avi/.mov/.mp4 |
| scarbhileoga | .xls/.xlsx |
| Comhaid PDF | .pdf |

Ar mhaithe le háisiúlacht, bailigh le chéile na comhaid go léir a theastóidh uait in áit inrochtana ar do ríomhaire.

### Naisc URL a chur isteach

**Tabhair faoi deara:** Is féidir úsáid a bhaint as naisc chuig ardáin sruthaithe le samplaí saothair a thabhairt. Ní mór ábhar tacaíochta neamhspleách amhail CVanna agus litreacha tacaíochta etc. a uaslódáil mar cháipéisí ar leith le d'iarratas.

In áit d’ábhar a uaslódáil go díreach, féadfaidh tú naisc a chur ar fáil chuig ábhar atá á óstáil ar ardáin sruthaithe nach gcuireann teorainn ar rochtain trí shíntiús airgeadais. Chun é sin a dhéanamh, cóipeáil an URL (seoladh iomlán an tsuímh ar a bhfuil d’ábhar á óstáil) isteach i gcáipéis Microsoft Word (Deisce) nó OpenOffice Writer nó doiciméad PDF agus uaslódáil é mar cháipéis tacaíochta ina bhfuil nasc gréasáin. Cé nach liosta iomlán é seo, is samplaí d’ardáin chomhroinnte inghlactha iad YouTube, Vimeo, SoundCloud agus Bandcamp.

Tabhair faoi deara nach nglacfaimid le naisc chuig na foinsí seo a leanas:

- Suíomhanna comhroinnte comhad – e.g. Google Drive, OneDrive
- Ardáin na meán sóisialta – e.g. Meta, Instagram
- Do láithreán gréasáin pearsanta féin.

**Tabhair faoi deara:** Ní bhreathnóidh na measúnóirí ach ar ábhair sna naisc URL a chuireann tú ar fáil. Tá sé tábhachtach go ndéanfaidh tú cinnte go n-oibríonn gach nasc sa doiciméad **agus** go dtugann na naisc an breathnóir chuig an bhfoinse cheart ionas go mbeidh an breathnóir in ann rochtain a fháil ar d’ábhar tacaíochta agus breathnú air.

Ná marcáil d’ábhar mar ‘príobháideach’ mar nach mbeidh sé ar fáil lena mheasúnú. Athraigh na socruithe ar d’fhíseán go ‘neamhliostaithe’ más rud é nár mhaith leat go mbeadh an pobal in ann féachaint ar ábhar tacaíochta an iarratais ar do chainéal YouTube.

### Comhaid a ainmniú go cuí

Maidir le gach comhad a bhfuil sé ar intinn agat é a uaslódáil, tabhair comhadainm air a léiríonn go soiléir cad atá ann nó cad a léirítear leis. Mar shampla ba cheart go mbeadh sé soiléir ó ainm an chomhaid cibé an CV, téacs samplach nó léirmheas ar shaothar roimhe seo atá sa cháipéis.

Cuir cáipéisí tacaíochta isteach i gcomhaid ar leith atá ainmnithe go cuí.

| | |
|---|---|
| **Ainmneacha maithe le tabhairt ar chomhaid i gcás iarratasóra darb ainm Jack Russell** | russelljack iarratas ar Thionscadal Ailtireachta.doc<br>russelljack gearrthóg taibhithe.mp4<br>russelljack Tionscadal ailtireachta teimpléad buiséid babhta 2.xls<br>russelljack nasc youtube.doc |

Is é **40 MB** an t-uasmhéid iomlán maidir leis an ábhar tacaíochta ar fad a uaslódáiltear le hiarratas amháin.

**Tabhair faoi deara:** Carachtair nach gceadaítear in ainm an chomhaid agus an fhillteáin: **" *: < >? / \ .**

## 2.4 Iarratas a dhéanamh ar líne

Chun d’iarratas a chur isteach ar líne, ní mór duit dul trí cheithre phríomhchéim. Cliceáil ar **Sábháil dréacht** ag deireadh gach céime. Is féidir leat teacht ar ais chuig d’iarratas agus é a athbhreithniú tráth ar bith sula gcuirfidh tú isteach ar deireadh é.

### 2.4.1 Roghnaigh clár maoinithe agus íoslódáil foirm iarratais

Chun tús a chur le hiarratas nua, cliceáil ar an gcnaipe **Déan iarratas** ar do leathanach baile, agus lean na leideanna chun an clár cuí maoinithe a roghnú agus chun uimhir uathúil thagartha a thabhairt do d’iarratas, trína n-aithneofar é. Ag an gcéim seo, is féidir leat an fhoirm iarratais a íoslódáil freisin (mura bhfuil sé sin déanta agat cheana féin).

### 2.4.2 Iarr méid an mhaoinithe

Ag an gcéim seo, sonraigh an caiteachas agus an t-ioncam a bhaineann le do thogra, agus méid an mhaoinithe atá á iarraidh agat. Ba cheart gurb ionann **an Méid atá á iarraidh** agus **Caiteachas iomlán** lúide **Ioncam iomlán**. Ba cheart go mbeadh na figiúirí deiridh a iontrálann tú anseo díreach cosúil leo siúd a iontrálann tú i gcuid 3 den fhoirm iarratais agus i do bhuiséad mionsonraithe.

### 2.4.3 Uaslódáil an fhoirm iarratais agus an t-ábhar tacaíochta

Lean na leideanna chun d’fhoirm iarratais chomhlánaithe, do CV nó CVanna, mar aon le buiséad mionsonraithe agus aon ábhar tacaíochta riachtanach eile a uaslódáil (féach cuid **1.9 Cén t-ábhar tacaíochta NACH MÓR duit a chur isteach le d’iarratas?**). Ní gá duit gach rud a uaslódáil ag an am céanna. Is féidir leat d’iarratas a shábháil mar dhréacht, agus teacht ar ais chuige níos déanaí.

**Tabhair faoi deara:** Má tá d’fhoirm iarratais comhlánaithe agat mar chomhad **.docx** agus má tá tú muiníneach go bhfuil d’fhoirm iarratais comhlánaithe i gceart agat (clóscríobh laistigh de na réimsí liatha san áireamh) ach go léiríonn Seirbhísí ar Líne teachtaireacht a deir ‘Ní féidir an fhoirm a uaslódáil’, déan iarracht í a shábháil mar chomhad **.doc** agus í a uaslódáil arís.

### 2.4.4 Seol an t-iarratas

Nuair a bheidh tú sásta go bhfuil gach rud atá de dhíth chun tacú le d’iarratas uaslódáilte agat agus tic curtha leis an dearbhú agat, cliceáil **Cuir isteach**.

Ní féidir an t-iarratas a athrú tar éis é a chur isteach. Ná cuir an t-iarratas isteach go dtí go mbeidh tú iomlán sásta leis.

Ba cheart go bhfaighfeá dhá ríomhphost. Eiseofar an chéad cheann láithreach bonn nuair a gheobhaidh an Chomhairle Ealaíon d'iarratas. D'fhéadfá an dara ceann a fháil cúpla nóiméad ina dhiaidh sin agus d'uimhir iarratais ann, a úsáidfear i ngach comhfhreagras a bhaineann leis an iarratas seo. **Tabhair faoi deara:** Tá sé tábhachtach go rachfá i dteagmháil le onlineservices@artscouncil.ie **mura bhfaigheann tú** an dara ríomhphost deimhnithe ina mbeidh uimhir an iarratais.

# 3. Próiseáil agus measúnú na n-iarratas

## 3.1 Forbhreathnú

Insítear sa chuid seo duit faoi:

- An dóigh a bpróiseálaimid d'iarratas, lena n-áirítear measúnú
- Na critéir a úsáidfimid le measúnú a dhéanamh ar d'iarratas
- Ár gcóras scórála.

Déanann an Chomhairle Ealaíon gach iarratas a mheas, déanann sí cinntí ina leith agus cuireann sí na cinntí seo in iúl d'iarratasóirí de réir nósanna imeachta réamhshocraithe. Is é an aidhm atá ann a chinntiú go bhfuil córas cothrom trédhearcach ann maidir le dámhachtainí a bhronnadh. Is speisialtóirí iad ár measúnóirí i gcineálacha ealaíne agus réimsí cleachtais éagsúla. Má dhíríonn d'fhoirm iarratais ar níos mó ná foirm ealaíne amháin nó ar níos mó ná réimse cleachtais ealaíon amháin, déanfaidh measúnóirí iomchuí eile d'iarratas a mheas.

## 3.2 An próiseas measúnaithe

Déanann an Chomhairle Ealaíon gach iarratas a fhaightear a phróiseáil mar seo a leanas:

1. I ndiaidh d'iarratas a chur isteach, ba cheart go bhfaighfeá dhá ríomhphost:
   - Eiseofar an chéad cheann láithreach bonn, agus admhófar d'iarratas leis.
   - Ba cheart go dtiocfadh an dara ceann cúpla nóiméad ina dhiaidh sin. Beidh d'uimhir iarratais ann, a mbainfimid úsáid aisti sa chomhfhreagras ar fad faoi d'iarratas.

   **Tabhair faoi deara:** Níl ann sa ríomhphoist seo ach go n-aithníonn an córas ar líne gur chuir tú iarratas isteach. Ní chiallaíonn siad go bhfuil d'iarratas incháilithe le haghaidh measúnú.

   Mura bhfaigheann tú ríomhphost ina mbeidh d'uimhir iarratais, téigh i dteagmháil le onlineservices@artscouncil.ie
2. Seiceáiltear inghlacthacht an iarratais. Féach cuid **1.10 Incháilitheacht** thuas.
3. I roinnt cásanna, b'fhéidir nach é an réimse ealaíon a ndearna tú iarratas air an ceann is oiriúnaí do do thogra. I gcás mar sin, déanfaimid teagmháil leat agus fiafróimid díot an bhfuil tú sásta go mbogfaimid d'iarratas chuig foireann ealaíon níos oiriúnaí. Beidh ort ansin rogha a dhéanamh d'iarratas a bhogadh nó é a fhágáil faoin réimse ealaíon a ndearna tú iarratas air.
4. Déanann comhairleoir(í) agus/nó an fhoireann measúnú agus scóráil ar an iarratas agus ar na hábhair ghaolmhara bunaithe ar na critéir mheasúnaithe atá leagtha amach i **gcuid 3.3** thíos.
5. Beidh comh-mheasúnú agus próiseas modhnóireachta inmheánaigh ar siúl idir na foirne ábhartha ar fad.
6. Molann an fhoireann ar cheart iarratas a chur ar an ngearrliosta nó nár cheart.
7. Leanann iarratais a chuirtear ar ghearrliosta ar aghaidh chuig an bpainéal.

| | |
|---|---|
| 8 | Déanann an painéal piaraí athbhreithniú ar na hiarratais go léir ar an ngearrliosta agus ar an ábhar gaolmhar, ansin tugann sé na scóir dheiridh agus déantar na cinntí deiridh. |
| 9 | Cuirtear na cinntí in iúl do na hiarratasóirí i scríbhinn. |
| 10 | Déanann an Chomhairle nóta de na cinntí. |

### Achar ama

Tá súil ag an gComhairle Ealaíon cinntí maidir leis an scéim seo a chur in iúl i mí Lúnasa 2025.

## 3.3 Critéir – gach foirm ealaíne agus gach cleachtas ealaíon

Déantar gach iarratas incháilithe a mheas de réir critéar, agus tá cur síos ar gach ceann acu thíos.

Déantar iarratais a mheas i gcomhthéacs iomaíoch agus cuirtear na hacmhainní airgeadais atá ar fáil á mbreithniú.

Féach cuid **1.9 Cén t-ábhar tacaíochta NACH MÓR duit a chur isteach le d'iarratas?** agus na nótaí maidir leis an bhfoirm ealaíne/maidir leis an gcleachtas ealaíon san aguisín a ghabhann leis na treoirlínte seo.

- **Fiúntas ealaíne**

Anseo, déanaimid measúnú ar a fheabhas a chuireann an togra príomhthosaíocht na Comhairle Ealaíon, mar atá, sármhaitheas ealaíne, i gcrích. Féach an t-aguisín a ghabhann leis na *Treoirlínte d'Iarratasóirí* seo le haghaidh tuilleadh treorach.

Déanfaimid measúnú ar an méid seo a leanas:

- Caighdeán ealaíonta na gníomhaíochta ealaíon atá beartaithe
- Aon ghlacadh leis an ngníomhaíocht atá beartaithe roimhe seo (más ábhartha)
- Cuntas teiste agus inniúlacht an iarratasóra agus na bpríomhphearsanra ealaíonta a bhfuil baint acu leis an togra
- Acmhainneacht ealaíonta an togra
- Léiriú ar an uaillmhian ealaíonta, an nuálaíocht agus an sármhaitheas.
- An bhaint atá ag an togra leis an bhfoirm ealaíne agus/nó le comhthéacs(anna) ina mbeartaítear an ghníomhaíocht.

- **Rannpháirtíocht an phobail**

Anseo, déanaimid measúnú ar a fheabhas a chuireann an togra príomhthosaíocht na Comhairle Ealaíon i gcrích, mar atá, rannpháirtíocht an phobail.

Is iad na príomhchuspóirí atá leis an Scéim Camchuairte Saothair ná rannpháirtíocht an phobail a mhéadú agus a neartú. Tá sé deartha go sonrach chun tacú le tograí a leathnaíonn agus a fheabhsaíonn rochtain ar eispéireas ealaíon ardchaighdeáin ar fud na hÉireann. Déanfaimid measúnú ar an gcaoi a dtaispeántar barr feabhais, uaillmhian agus nuálaíocht i do phróiseas agus cur chuige maidir le forbairt an lucht féachana/éisteachta; féach le do thoil **Sainmhínithe ar mhaithe leis an dámhachtain** thuas**.**

Déanfaimid measúnú ar an méid a léiríonn an t-iarratas:

- Tuiscint ar lucht féachana/éisteachta agus/nó rannpháirtithe beartaithe
- Go mbeidh an freastal ar lucht féachana/éisteachta agus/nó an lucht rannpháirtíochta barrfheabhsaithe
- Conas is féidir teagmháil leis an lucht spéise beartaithe a dhoimhniú
- Conas is féidir éagsúlú ar an lucht féachana/éisteachta atá beartaithe a bhaint amach
- Inniúlacht agus taithí maidir le spriocanna réalaíocha, ach uaillmhianacha, a leagan síos, agus straitéis shoiléir um rannpháirtíocht phoiblí mar thacú leo
- An méid a léiríonn an t-iarratas nuálaíocht agus inniúlacht sa mhéid thuas
- An bhaint atá ag an togra leis an bhfoirm ealaíne agus/nó le comhthéacs(anna) ina mbeartaítear an ghníomhaíocht.

- **Cuspóirí agus tosaíochtaí straitéiseacha**

Trí thacaíocht a thabhairt don Scéim Camchuairte Saothair, tá sé mar aidhm ag an gComhairle Ealaíon ár bpríomhthosaíochtaí maidir le rannpháirtíocht an ealaíontóra agus an phobail a bhaint amach, ach tá sí ag díriú freisin ar a thuilleadh cuspóirí straitéiseacha de chuid na Comhairle Ealaíon. Áirítear orthu sin forbairt agus neartú chumas earnáil na n-ealaíon agus bhonneagar na n-ealaíon, ár spriocanna beartais spásúlachta agus déimeagrafacha a bhaint amach, mar atá leagtha amach inár *Beartas Spásúil na Comhairle Ealaíon*, agus ár bpríomhluachanna eagraíochtúla um chomhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsiú, mar atá leagtha amach i mBeartas CÉI.

Agus an scéim seo á tairiscint aici, tabharfaidh an Chomhairle Ealaíon tús áite do na nithe seo a leanas:

- Camchuairteanna atá ar ardchaighdeán ó thaobh na healaíne de
- Camchuairteanna a léiríonn fócas soiléir ar rannpháirtíocht an phobail a uasmhéadú agus a leathnú go háitiúil agus go náisiúnta
- Camchuairteanna a sholáthraíonn saothar do lucht féachana/éisteachta nua nó do lucht féachana/éisteachta a bhfuil sé deacair rochtain a bheith acu ar na healaíona
- Camchuairteanna a bhfuil baint ar leith acu le lucht féachana/éisteachta scoile
- Camchuairteanna a léiríonn conas a mhéadóidh an tacaíocht an infheistíocht i saothar ar éirigh leis i measc lucht féachana/éisteachta i leaganacha roimhe seo
- Raon geografach leathan de chamchuairteanna
- Réimse leathan seánraí/cleachtas
- Camchuairteanna ar scálaí éagsúla
- Camchuairteanna a thaispeánann conas atá líonra d’ionaid tionóil agus/nó comhpháirtithe agus comhoibrithe eile á chruthú nó á úsáid acu. D'fhéadfaí go gcuimseoidís seo ealaíontóirí eile, léiritheoirí, poiblitheoirí, eagraíochtaí ealaíne, féilte, údaráis áitiúla, maoinitheoirí, srl. Ba cheart go gcuirfeadh do chomhpháirtithe agus do chomhoibrithe le rath do chamchuairte ó thaobh ealaíne, lucht féachana/éisteachta agus geografaíochta/spáis de.

- **Indéantacht**

Breithnítear sa mheasúnú ar indéantacht an méid a léiríonn an t-iarratas an cumas an ghníomhaíocht atá beartaithe a chur i gcrích leis an saineolas riaracháin agus teicniúil atá ag teastáil chun na caighdeáin is airde maidir le bainistiú agus seachadadh táirgeachta a bhaint amach. Déanfaimid é seo a mheas bunaithe ar an eolas a sholáthraíonn tú ar fud d'fhoirme iarratais agus sa cháipéisíocht thacaíochta éigeantach.

Áirítear air sin breathnú ar na nithe seo a leanas:

- Cuntas teiste agus inniúlacht arna léiriú ag pearsanra agus/nó ag eagraíochtaí a bhfuil baint acu leis an togra a tháirgeadh, a bhainistiú, a riar agus a chur ar siúl

An tsoiléireacht a bhaineann le comhaontú róil idir iad siúd a bhfuil baint acu leis an togra (déantóirí, léiritheoirí, ionaid ealaíon, srl.) maidir le haghaidh a thabhairt ar riosca ealaíonta agus ar rannpháirtíocht an phobail

- A mhéid a léiríonn an t-iarratas comhoibriú agus tuiscint ar dhul i riosca roinnte
- An caighdeán nó na tacaíochtaí agus/nó méid na rannpháirtíochta nó an tiomantais ó chomhpháirtithe tionscadail aitheanta
- An chaoi a sásaíonn an buiséad atá beartaithe éilimh na camchuairte (i ndáil le táillí, margaíocht, riarachán, lóistíocht, cúrsaí teicniúla)
- Caighdeán agus méid foinsí eile ioncaim agus/nó tacaíochtaí comhchineáil
- An clár ama nó an sceideal atá beartaithe.

## 3.4 Próiseas cómheasúnaithe agus gearrliostaithe

Bainfear úsáid as próiseas cómheasúnaithe thar na foirne ábhartha chun tacú leis an bpróiseas gearrliostaithe. Bainfidh measúnóirí/foireann na Comhairle Ealaíon úsáid as a saineolas gairmiúil agus a mbreithiúnas ealaíon chun iarratais a mheas agus a scóráil (féach nóta maidir le próiseas scórála inmheánach) de réir gach ceann de na critéir. Beidh an measúnú bunaithe air seo a leanas:

- An fhaisnéis a thugann tú san fhoirm iarratais agus an t-ábhar tacaíochta
- A gcuid eolais ar do chuid saothair roimhe seo
- A gcuid eolais ar réimse na n-ealaíon go ginearálta
- Comhthéacs na foirme ealaíne nó an chleachtais ealaíon ina bhfuil tú ag feidhmiú
- An comhthéacs iomaíoch don dámhachtain.

## 3.5 Próiseas scórála inmheánach

Tá sé beartaithe le córas scórála na Comhairle Ealaíon i gcomhair na Scéime Camchuairte Saothair soiléireacht a chur ar fáil d'iarratasóirí maidir leis an gcaoi a ndéantar a n-iarratas a mheas i gcoinne na gcritéar measúnaithe. Tugann na scóir léiriú ar a mhéid a cheaptar gur chomhlíon na hiarratais gach critéar.

Baineann measúnóirí leas as córas scórála idir 0–6, inarb eisceachtúil é an scór 6. Féadfaidh siad scór a bhronnadh don 0.5 is gaire (leathphointe).

Déanaimid tuairisc ar na scóir agus ar a bhfuil i gceist leo thíos:

| Scór uimhriúil | Luach focal | Míniú |
|---|---|---|
| **6** | Go hIontach | Pléitear gach gné ábhartha den chritéar go cuimsitheach agus go sármhaith san iarratas. Níl easnaimh ar bith in aon chor ann. Coimeádtar an scór seo le haghaidh na ngnéithe is fearr ar fad de na hiarratais agus úsáidfear é go fíorspárálach. |
| **5.5** | | Ag barr 'Sármhaith'. |
| **5** | Sármhaith | Pléitear gach gné ábhartha den chritéar go sochreidte agus go rathúil san iarratas. Soláthraítear an fhaisnéis agus an fhianaise ar fad a theastaíonn agus níl buarthaí ná réimse laige ar bith ann. |
| **4.5** | | Ag barr "Go hAn-Mhaith". |
| **4** | Go hAn-Mhaith | Pléitear an critéar go han-mhaith san iarratas. Tugtar faisnéis shoiléir faoin bhfianaise a theastaíonn ann. Níl mórán tábhachta le buarthaí nó le réimsí laige |
| **3.5** | | Ag barr 'Go Maith'. |
| **3** | Go maith | Pléitear an critéar go maith san iarratas, cé go bhféadfaí roinnt feabhsuithe a dhéanamh. Tugtar eolas ann ar gach gné den fhianaise a theastaíonn beagnach, cé go bhfuil roinnt bearnaí ann. |
| **2.5** | | Idir "Maith go Leor" agus "Go Maith" |
| **2** | Maith go leor | Déantar plé leathan ar an gcritéar san iarratas, ach tá laigí ann. Tugtar faisnéis ábhartha ann, ach tá roinnt réimsí ann ina bhfuil sonraí in easnamh nó ina bhfuil an fhaisnéis doiléir. |
| **1.5** | | Ag an gceann íochtarach de 'Maith go leor'. |
| **1** | Go dona | Tá beagán fianaise nó faisnéis ábhartha san iarratas i gcomhthéacs an chritéir agus níl sé fíorláidir nó áititheach i gcomhthéacs maoiniú iomaíoch. |
| **0** | Easnamhach | Ní phléitear an critéar san iarratas nó ní féidir breithiúnas a thabhairt air mar gheall ar fhaisnéis ar iarraidh nó atá neamhiomlán. |

Ciallóidh scór 1.5 nó faoina bhun i gcoinne critéar ar bith nach mbreithneofar iarratas dá mhaoiniú. Ciallaíonn sé seo, cé go bhféadfadh iarratas scór foriomlán atá níos airde ná scór iarratais eile a bhaint amach, ní mhaoineofar é má bhronntar scór de 1.5 nó níos lú ar aon chritéar amháin.

Tar éis an phróiseas scórála, déanfaidh na foirne ábhartha freastail ar chruinniú gearrliostaithe agus measarthachta ina ndréachtófar gearrliosta (bunaithe ar na scóir).

## 3.6 Piarphainéil

Is é cuspóir chruinnithe an phainéil piaraí ná éagsúlacht tuairimí saineolacha a cheadú chun faisnéis a chur ar fáil don phróiseas cinnteoireachta. Bíonn ar a laghad triúr breithneoirí seachtracha ar phiarphainéal a mbíonn saineolas acu ar an bhfoirm ábhartha ealaíne agus/nó ar an gcleachtas ábhartha ealaíon.

Bíonn comhalta de chuid na Comhairle Ealaíon i gceannas ar gach cruinniú de ghnáth agus gníomhaíonn an comhalta sin mar chathaoirleach gan ceart vótála. Freastalaíonn comhairleoirí agus foireann na Comhairle Ealaíon ar na cruinnithe de réir mar is gá, agus bíonn na daoine a raibh baint acu le measúnú tosaigh na n-iarratas ar fáil chun faisnéis a sholáthar, de réir mar is gá. Beidh rochtain ag lucht an phainéil ar gach iarratas ar an ngearrliosta agus ar an ábhar gaolmhar go léir lá roimh an gcruinniú, tráth a ndéanann siad na hiarratais ar an ngearrliosta a athbhreithniú, a phlé agus a scóráil. Ina dhiaidh sin, déantar iarratais a rangú de réir scóir. Mar thoradh ar an gcomhthéacs iomaíoch agus ar an mbuiséad ar fáil, is dóigh nach mbeidh an Chomhairle Ealaíon in ann a mhaoiniú ach líon beag de na hiarratais a gheofar.

### Próiseas Scórála

Iarrtar ar an bpainéal na hiarratais a scóráil de réir an chórais seo a leanas:

**A – Caithfear a Mhaoiniú (10 bpointe):** dar leis an gcomhalta painéil gur comhlíonadh na critéir go léir san iarratas le haghaidh na dámhachtana agus go bhfuil maoiniú tuillte aige ar an mbonn sin, an méid atá á iarraidh más féidir.

**B – Ba Chóir a Mhaoiniú (8 bpointe):** dar leis an gcomhalta painéil gur comhlíonadh na critéir san iarratas an oiread sin go bhfuil maoiniú tuillte aige má tá acmhainní ar fáil.

**C – D'fhéadfaí a Mhaoiniú (5 phointe):** dar leis an gcomhalta painéil gur comhlíonadh na critéir san iarratas, ach ní an oiread sin leis na hiarratais eile ó thaobh iomaíochta de.

**D – Ní Tosaíocht É (2 phointe):** dar leis an gcomhalta painéil nár comhlíonadh na critéir san iarratas an oiread sin go bhfuil maoiniú tuillte aige.

### Dearbhú leasa

D'fhonn cothroime agus cothromas sa chinnteoireacht a chinntiú, ní mór do chomhaltaí painéil leas a dhearbhú má tá dlúthcheangal pearsanta nó gairmiúil acu le hiarratasóir nó má tá baint acu ar shlí ar bith leis an iarratas. Féadann 'leas' a bheith ina 'leas airgid' nó ina 'leas neamhairgid' (e.g. gaol muintire, comhpháirtíochtaí pearsanta, nó comhpháirtíochtaí gnó idir fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, etc.).

Ní mór an leas a dhearbhú a luaithe agus is eol don chomhalta painéil é a bheith ann. D'fhéadfadh sé sin tarlú ag an bpointe nuair a iarrtar air/uirthi suí ar an bpainéal (más eol an 'leas' ag an bpointe sin) nó tar éis liosta na n-iarratasóirí a fháil. I gcás go ndearbhaítear leas, ní bhfaighidh an comhalta painéil sin páipéir a bhaineann leis an iarratas sin agus beidh air nó uirthi an seomra a fhágáil nuair a bhíonn an t-iarratas ar leith á athbhreithniú. Nuair a thagann an cás sin aníos, vótálfaidh an cathaoirleach in ionad an chomhalta painéil.

I roinnt cásanna, d'fhéadfadh sé nach n-aithneodh comhalta painéil go bhfuil coinbhleacht leasa ann go dtí go bhfaigheann agus go ndéanann sé/sí athbhreithniú ar na páipéir phainéil. I gcásanna den sórt sin ní mór don chomhalta painéil ball foirne den Chomhairle Ealaíon nó

Cathaoirleach an phainéil a chur ar an eolas chomh luath agus a thuigeann siad go bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith i gceist.

Sa chás go gcuireann duine amháin nó níos mó ón bpainéal in iúl go bhfuil coinbhleacht leasa acu i leith aon iarratas amháin, beidh an cathaoirleach páirteach mar chuid den phróiseas cinnteoireachta i gcás an iarratais shonraigh sin.

Má tá coinbhleacht leasa ag Cathaoirleach ainmnithe an phainéil, ní mór dóibh é sin a dhearbhú a luaithe agus is eol dóibh go bhfuil a leithéid ann agus an fógra sin a thabhairt i scríbhinn roimh an gcruinniú. Sa chás sin, beidh an Ceann Foirne mar chathaoirleach ar an bplé a dhéanfar maidir leis an iarratas a bhfuil coinbhleacht leasa i gceist leis.

### 3.7 Toradh na n-iarratas

Cuirtear gach iarratasóir ar an eolas trí ríomhphost maidir le toradh a n-iarratas.

Cuirfear ríomhphost chugat mura gcuirtear d'iarratas ar ghearrliosta. Má chuirtear d'iarratas ar ghearrliosta, déanfaidh an coiste athbhreithniú air.

Má éiríonn le d'iarratas, cuirfear litir thairisceana chugat trí ríomhphost ina sonrófar méid an mhaoinithe a dhamhfar ort agus téarmaí agus coinníollacha na dámhachtana. Inseofar duit freisin conas do dhámhachtain a tharraingt anuas.

Faigheann an Chomhairle Ealaíon líon mór iarratas, agus bíonn an t-éileamh ar mhaoiniú i gcónaí níos mó ná na hacmhainní a bhíonn ar fáil. Níl aon ghealltanas ann go mbronnfar dámhachtain mar gheall ar incháilitheacht agus ar chomhlíonadh nósanna imeachta iarratais amháin.

Féadfaidh tú aiseolas measúnaithe a iarraidh ar fhoireann na Comhairle Ealaíon, is cuma cén chaoi ar éirigh le d'iarratas.

Níl iarratasóirí nach n-éireoidh leo incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar dhámhachtain eile de chuid na Comhairle Ealaíon le tabhairt faoin ngníomhaíocht chéanna. Más dóigh leis an gComhairle Ealaíon go mbeadh an ghníomhaíocht atá beartaithe níos feiliúnaí do chlár dámhachtana eile is féidir eisceacht a dhéanamh. I gcás dá leithéid, cuirfear é sin in iúl duit i scríbhinn.

#### Achomhairc

Is féidir le hiarratasóirí cinneadh maoinithe a achomharc má mheasann siad gur sáraíodh nósanna imeachta foilsithe na Comhairle Ealaíon, nó gur cuireadh i bhfeidhm go héagórach iad nó nár cloíodh leo. Má mheasann tú nár cloíodh le nósanna imeachta na Comhairle Ealaíon, breathnaigh ar an bpróiseas achomharc ar http://www.artscouncil.ie/ga/Maoiniu/Achomhairc/ nó téigh i dteagmháil leis an gComhairle Ealaíon le haghaidh cóip den bhileog faisnéise faoin bpróiseas achomharc.

# Aguisín

## Tosaíochtaí maidir le foirmeacha ealaíne agus cleachtais ealaíon ar leith

Bíonn feidhm ag treoir shonrach agus tosaíochtaí sonracha maidir le foirm ealaíne agus cleachtas ealaíon, chomh maith le cuspóirí agus tosaíochtaí ginearálta na scéime (mar atá leagtha amach i gcodanna 1.3 agus 3.3). Tairgtear iad seo chun treoir bhreise a thabhairt duit agus ní chuirfear iad in ionad na gcritéar incháilitheachta agus an ábhair tacaíochta riachtanaigh a theastaíonn, mar atá leagtha amach thuas.

### Ailtireacht

In **Ailtireacht**, tabharfaimid tús áite d'iarratais:

- Iarratais ina léirítear uaillmhian maidir le taispeántais ailtireachta idirnáisiúnta nó náisiúnta a chur ar bun nach mbeadh le feiceáil ag lucht féachana na hÉireann murach iad
- Iarratais ar chomhoibrithe nuálacha agus cruthaitheacha iad ina léirítear coincheap coimeádaíochta soiléir don ailtireacht – d'fhéadfadh eagraíochtaí speisialtóireachta ailtireachta, ionaid ealaíon nó féilte ildisciplíneacha, ailtirí aonair nó cleachtais ailtireachta a bheith i measc lucht an chomhoibrithe
- Iarratais lena gcumasaítear comhroinnt scileanna coimeádaíochta agus saineolas idirghabhála – d'fhéadfadh clár meantóireachta/scáthfhoghlama idir comhoibrithe a bheith i gceist anseo
- Léiriú soiléir a thabhairt ar conas a rachaidh an taispeántas i bhfeidhm ar lucht féachana/éisteachta, conas a dhéanfaidh siad idirghabháil ina leith agus conas a dhéanfaidh siad cumarsáid leo
- Iarratais ina dtaispeántar fianaise maidir le saineolas teicniúil lena gcinntítear go mbeidh na caighdeáin is airde i bhfeidhm maidir le suiteáil agus cur i láthair.

| | |
|---|---|
| **Tabhair faoi deara: Camchuairteanna Ailtireachta** | Ní mór d'iarratasóirí ar Chamchuairteanna Ailtireachta a shainmhíniú ina straitéis maidir le rannpháirtíocht an phobail conas atá sé beartaithe acu ailtireacht a chur in iúl don lucht féachana/éisteachta agus conas a dhéanfaidh siad idirghabháil ina leith. |

### Rannpháirtíocht sna hEalaíona

Spreagtar eagraíochtaí agus daoine aonair a bhfuil dea-theist orthu ó thaobh rannpháirtíocht sna healaíona de, atá tiomanta don rannpháirtíocht nó a dhíríonn ar an rannpháirtíocht, iarratas a dhéanamh faoin scéim seo.

Ba cheart d'iarratasóirí dá leithéid **Rannpháirtíocht sna hEalaíona** agus a bpríomhfhoirm ealaíne araon a roghnú i gcuid 1.7 den fhoirm iarratais. Déanfar measúnú ar iarratais le fócas ar rannpháirtíocht sna healaíona i ndiaidh ár bpróisis cóimheasúnaithe, atá faoi stiúir bheartais agus thosaíochtaí foirne Rannpháirtíocht na nEalaíon agus na príomhfhoirne ealaíne araon.

I **Rannpháirtíocht sna hEalaíona**, tabharfaimid tús áite d'iarratais:

- Obair uaillmhianach ealaíonta ar ardchaighdeán a mholadh a d'fhorbair ealaíontóir(í) gairmiúil a oibríonn i gcomhar le daoine aonair nó grúpaí (daoine nach gairmithe ealaíne iad)
- Próisis ardchaighdeáin a léiriú go soiléir le haghaidh rannpháirtíochta agus comhoibriú ealaíne.

### Sorcas

I **Sorcas**, tabharfaimid tús áite d'iarratais mar seo a leanas:

- Iarratais trína leathnaítear an tréimhse chamchuairte i gcás léiriúcháin ardchaighdeáin a raibh mór-éileamh orthu ón lucht féachana nuair a cuireadh ar bun iad roimhe seo
- Iarratais ina bhfuil tograí chun oibriú i gcomhar le luchtanna féachana don obair shorcais, agus na luchtanna féachana sin a fhorbairt, in ionaid ealaíon, in amharclanna, le húdaráis áitiúla agus le féilte ar fud na tíre
- Iarratais a léiríonn cur chuige comhpháirtíochta le féilte náisiúnta, údaráis áitiúla agus/nó ionaid ealaíon d'fhonn infheictheacht phoiblí na hoibre agus leibhéil rannpháirtíochta luchtanna féachana éagsúla a uasmhéadú.

### Damhsa

I n**Damhsa**, tabharfaimid tús áite d'iarratais mar seo a leanas:

- Iarratais ina bhfuil léirithe a raibh mór-éileamh orthu ón lucht féachana nuair a cuireadh ar stáitse iad roimhe seo; ní thabharfar tús áite do léiriúcháin nár cuireadh i láthair lucht féachana go fóill
- Uaillmhian shuntasach a léiriú maidir le rannpháirtíocht an phobail agus forbairt lucht féachana/éisteachta (ba cheart go mbeadh fianaise sna tograí de thacaíocht ó ionaid tionóil chomhpháirtíochta trí mheabhráin tuisceana.)
- Iarratais ó léiritheoirí agus/nó ó eagraíochtaí léiriúcháin arb é is aidhm acu saothair damhsa a scaipeadh laistigh de chomhthéacs féile nó laistigh de chomhthéacs líonraí nó cuibhreannais atá foirmiúil agus/nó neamhfhoirmiúil
- Iarratais ina mbeartaítear léirithe dráma ar ardchaighdeán a thabhairt ar camchuairt le haghaidh lucht féachana ginearálta agus atá ábhartha do lucht féachana scoile freisin. Ní mór do chamchuairteanna den chineál sin idir thosaíochtaí damhsa agus thosaíochtaí maidir le hEalaíona do Leanaí agus Daoine Óga a chomhlíonadh, mar a leagtar amach iad sa cháipéis seo.

### Scannánaíocht

I **Scannán**, tabharfaimid tús áite d'iarratais:

- Iarratais a bhfuil sé i gceist leo dul ar camchuairt chuig ionaid tionóil nó imeachtaí a bhfuil scannán mar ghné lárnach dá ngníomhaíocht agus lena soláthraítear taithí pictiúrlainne ar ardchaighdeán do lucht féachana atá bunaithe agus do lucht féachana atá á bhforbairt
- Iarratais a bhfuil sé i gceist leo cláir scannán choimeádaithe a thabhairt ar camchuairt, cláir nach mbeadh ar fáil don lucht féachana ag ionaid tionóil óstacha nó ag na himeachtaí murach iad
- Tuiscint ar rannpháirtíocht an phobail a léiriú – e.g. comhthéacsú saothar scannáin trí rannpháirtíocht scannánóirí, díospóireachtaí iarscáileáin a óstáil, Ceisteanna & Freagraí, srl.

### Litríocht

I **Litríocht**, tabharfaimid tús áite d'iarratais:

- Iarratais ina sceidealtar ócáidí litríochta comhaimseartha ar chlár ar bhealaí úra uaillmhianacha samhailteacha
- Díriú ar lucht léitheoireachta a fhorbairt don litríocht chomhaimseartha
- Tuiscint láidir a léiriú ar rannpháirtíocht an phobail agus a spriocghrúpa, agus straitéisí a chur i láthair maidir le conas a thógfaidh siad a lucht féachana
- Iarratais ina mbaintear leas as na deiseanna a thugann na meáin nua
- Iarratais ina n-oibrítear i gcomhpháirt le heagraíochtaí bunaithe litríochta, le foilsitheoirí, le hionaid ealaíon ildisciplíneacha, le féilte agus le líonraí bunaithe.

### Ealaíona Ildisciplíneacha

Sna **hEalaíona Ildisciplíneacha**, tabharfaimid tús áite d'iarratais a dhéanann an méid a leanas:

- A mholann imeachtaí, gníomhaíochtaí nó saothair ealaíne a chomhcheanglaíonn dhá fhoirm ealaíne nó níos mó a thabhairt ar camchuairt

D'fhéadfadh iarratasóirí na nEalaíon Ildisciplíneach iarratas a chur isteach lena mbeartaítear saothar nua eisceachtúil a bhfuil fócas ar mhúnlaí camchuairte iontu, agus sna cásanna sin, is féidir go gclúdófar costais forbartha agus táillí faoin scéim.

### Ceol

I g**Ceol**, tabharfaimid tús áite d'iarratais mar seo a leanas:

- Atá sármhaith ar bhonn ealaíonta ó thaobh ábhair agus taibhithe de
- Tuiscint ar rannpháirtíocht an phobail a léiriú chun rún soiléir agus pleananna sonracha a chur san áireamh chun rochtain, rannpháirtíocht agus tionchar an lucht féachana/éisteachta a uasmhéadú. Chomh maith le lucht féachana beo, féadfar a áireamh leis sin conas a rachfar i gcion ar an lucht féachana trí chraoladh, cainéil ar líne agus cainéil eile lucht féachana.
- Dreasacht shoiléir agus 'leas' a thaispeáint ar thaobh comhpháirtí/tionscnóirí/ionaid áitiúla chun a chinntiú go mbeidh an lucht féachana/éisteachta agus rannpháirtíochta áitiúil is mó is féidir ann

- Rún soiléir agus plean a bhfuil an-seans aige a thaispeáint chun lucht féachana nua agus comhphobail nua a mhealladh i dteannta leis an lucht freastail rialta
- Pleananna a thaispeáint a bhfuil an-seans acu dul i ngleic le daoine óga agus le taibhealaíontoirí agus mic léinn cruthaitheacha agus amaitéaracha sna pobail áitiúla, agus aon deis eile luach a chur le saol ceoil agus pobail na háite
- A chuireann raon leathan de sheánraí agus cleachtais cheoil ar fáil do lucht féachana
- A chuimsíonn ceol stairiúil na hÉireann agus/nó ceol nua na hÉireann
- An leas is fearr a bhaint as na sochair ealaíne, comhshaoil, margaíochta agus éifeachtúlacht costais na camchuairte trí bheith docht ó thaobh sceidil de. I gcuid mhaith cásanna, ba cheart scaipeadh camchuairte thar ocht lá fichead a mheas mar an **t-uasmhéid**, le réasúnaíocht agus cosaint shoiléir tugtha maidir le haon togra a théann thairis sin

D’fhéadfadh iarratasóirí ceoil iarratas a chur isteach lena mbeartaítear saothar nua eisceachtúil a bhfuil fócas ar mhúnlaí camchuairte iontu, agus sna cásanna sin, is féidir go gclúdófar costais forbartha agus táillí faoin scéim.

| | |
|---|---|
| **Tabhair faoi deara: Camchuairteanna Ceoil agus Ceoldráma** | **Ní mór** d'iarratasóirí ar Chamchuairteanna Ceoil agus Ceoldráma comhaid fuaime nó comhaid closamhairc de shaothar roimhe seo a chur isteach. De rogha air sin, is féidir leat naisc a sholáthar chuig ábhar arna óstáil ar YouTube (www.youtube.com) nó ar shuímh ghréasáin eile ar féidir comhaid a chomhroinnt orthu (e.g. Vimeo, SoundCloud) seachas an t-ábhar a uaslódáil go díreach.(féach rannán 2.3 ar formáidí comhaid). Níor chóir iad seo a óstáil ar do shuíomh gréasáin féin nó ar shuíomh gréasáin de chuid páirtithe eile. |

### Ceoldrámaíocht

**Tabhair faoi deara:** Ba cheart iarratais ar shaothar nua/ar léiriúcháin nua a bhfuil camchuairteanna ag gabháil leo freisin a dhéanamh chuig an Dámhachtain do Thionscadail agus Léiriú Ceoldrámaíochta.

I g**Ceoldrámaíocht**, tabharfaimid tús áite d’iarratais:

- Ina bhfuil moladh le léiriúcháin a chur ar bun arís agus a thabhairt ar camchuairt a léiríodh go rathúil cheana ó thaobh ábhair agus léirithe de agus ar léiríodh go bhfuil siad sármhaith ó thaobh na healaíne de. Ní bhreithneofar don dámhachtain seo tograí le saothar/léiriúchán nua neamh-thástáilte a thabhairt ar camchuairt, agus sa chás sin ba cheart iarratas a dhíriú ar an Dámhachtain do Thionscadail agus Léiriú Ceoldrámaíochta.
- Rannpháirtíocht shuntasach ealaíontóirí ceoldráma Éireannacha a chur ar fáil
- Cur le léiriúcháin cheoldrámaíochta ghairmiúla eile in Éirinn chun éagsúlacht mhaith náisiúnta agus cothromaíocht i stór ceoldrámaíochta a sholáthar
- Soláthar rialta ceoldrámaíochta a threisiú i bpríomhionaid réigiúnacha

- Sroich suímh eile agus téigh i dteagmháil go réamhghníomhach le lucht féachana/éisteachta agus le pobail nach mbíonn teagmháil acu leis an bhfoirm ealaíne de ghnáth
- Tuiscint ar rannpháirtíocht an phobail a léiriú chun rún soiléir agus pleananna sonracha a chur san áireamh chun rochtain, rannpháirtíocht agus tionchar an lucht féachana/éisteachta a uasmhéadú. Chomh maith le lucht féachana beo, féadfar a áireamh leis sin conas a rachfar i gcion ar an lucht féachana trí chraoladh, cainéil ar líne agus cainéil eile lucht féachana.
- Dreasacht shoiléir agus 'leas' a thaispeáint ar thaobh comhpháirtithe/tionscnóirí/ionaid áitiúla chun a chinntiú go mbeidh an lucht féachana/éisteachta agus rannpháirtíocht áitiúil is mó ann
- De réir cuid 1.9 thuas, ní mór d'iarratasóirí ar Chamchuairteanna Ceoldrámaíochta an **Teimpléad Buiséid le haghaidh Camchuairt Ceoldrámaíochta** a chomhlánú agus a chur isteach. Measfar iarratais a chuirfear isteach gan Teimpléad Buiséid comhlánaithe le haghaidh Camchuairt Cheoldráma agus/nó gan straitéis mhionsonraithe rannpháirteachas leis an bpobal agus plean comhfhreagrach margaíochta a bheith neamh-incháilithe.

### Taibhiú Sráide agus Seónna

Sa **Taibhiú Sráide agus Seónna**, tabharfaimid tús áite d'iarratais mar a leanas:

- Iarratais trína leathnaítear an tréimhse chamchuairte i gcás comhléiriúcháin thrasdisciplíneacha a raibh mór-éileamh orthu ón lucht féachana nuair a cuireadh ar bun iad roimhe seo
- Iarratais ina léirítear tiomantas le rannpháirtíocht an phobail maidir le saothar an Taibhithe Sráide agus Seónna a thabhairt chuig lucht féachana/éisteachta éagsúil agus pobail nua
- Iarratais trína gcuirtear ar chumas compántas a bheith ag obair i gcomhar le féilte náisiúnta chun aird a tharraingt ar na foirmeacha ealaíne sin trí léiriúcháin ardchaighdeáin a chur ar siúl ar bhonn neamhspleách nó laistigh de chlár níos leithne.

### Amharclannaíocht

In **Amharclannaíocht**, tabharfaimid tús áite d'iarratais mar seo a leanas:

- Iarratais ina ndéantar iarracht téatar ar mheánscála nó ar mhórscála ar ardchaighdeán a chur i láthair do lucht féachana chomh leathan agus is féidir (ní thugtar an tosaíocht chéanna do sheónna aon duine nuair atá an saothar ar scála)
- Iarratais ina mbeartaítear léirithe a chur ar bun arís agus a thabhairt ar camchuairt a léiríodh go rathúil cheana i dtéarmaí freagra criticiúil agus ón lucht féachana
- **Faoi mar a shonraítear i gcuid 1.4 thuas:** i gcúinsí eisceachtúla, d'fhéadfadh compántais nó eagraíochtaí ag a bhfuil cuntas teiste suntasach dul ar camchuairteanna le léiriúcháin nár léiríodh go fóill. Cé nach bhfuil na chéad chostais léiriúcháin incháilithe i gcomhair tacaíochta faoin scéim seo, teastaíonn sonraí airgeadais a sholáthar laistigh den teimpléad buiséid lena léiriú conas a íocfar na chéad chostais léiriúcháin. Iarrtar ar

eagraíochtaí den chineál sin soiléiriú a lorg ón bhFoireann Amharclannaíochta ag an gComhairle Ealaíon sula ndéanfaidh siad iarratas.

- Uaillmhian shuntasach a léiriú maidir le rannpháirtíocht an phobail agus/nó freastal ar/fás an lucht féachana/éisteachta. Ba cheart go mbeadh fianaise sna tograí de thacaíocht agus comhoibriú ó ionad ealaíon comhpháirtíochta, agus tabharfaimid tús áite do chamchuairteanna a fhéachann lena oiread taibhithe agus is féidir a chur i láthair dá oiread daoine agus is féidir i rith na camchuairte.

I gcás iarratais ina mbeartaítear léirithe dráma ar ardchaighdeán a thabhairt ar camchuairt le haghaidh lucht féachana/éisteachta ginearálta agus atá ábhartha do lucht féachana scoile freisin (amhail drámaí atá san áireamh sa churaclam), ní mór go gcomhlíonfadh na camchuairteanna sin idir thosaíochtaí Amharclannaíochta agus thosaíochtaí maidir le hEalaíona do Leanaí agus Daoine Óga mar a leagtar amach thíos iad.

- **De réir cuid 1.9 thuas:** ní mór d'iarratasóirí ar Chamchuairteanna Amharclannaíochta an dá tháb den Teimpléad Buiséid le haghaidh Camchuairt Amharclannaíochta a chomhlánú agus a chur isteach, achoimre ar chomhaontuithe le hionaid ealaíon san áireamh
- Measfar go mbeidh iarratais a chuirfear isteach gan Teimpléad Buiséid comhlánaithe le haghaidh Camchuairt Téatair, agus/nó gan straitéis maidir le rannpháirtíocht an phobail, neamh-incháilithe. Beidh ar iarratasóirí rathúla meabhráin tuisceana shínithe a chur ar fáil sula mbeifear in ann maoiniú a tharraingt anuas.

### Na hEalaíona Traidisiúnta

Sna h**Ealaíona Traidisiúnta**, tabharfaimid tús áite d’iarratais:

- Iarratais ina léirítear tiomantas le rannpháirtíocht an phobail maidir leis na healaíona traidisiúnta a thabhairt chuig lucht féachana/éisteachta agus pobail nua
- Iarratais a bhfuil sé i gceist leo dul i mbun próisis chruthaitheacha chomhoibritheacha
- Iarratais ina léirítear comhordú idir ionaid tionóil agus ionaid ealaíon (lena n-áirítear ionaid atá á maoiniú ag an gComhairle Ealaíon agus ionaid nach bhfuil)
- Iarratais a bhfuil sé i gceist leo saothar atá nuálach agus neamhghnách a thabhairt ar camchuairt
- Iarratais ina moltar plean soiléir indéanta chun lucht féachana/éisteachta a mhealladh i gcomhpháirt le hionaid tionóil bheartaithe
- Iarratais ina mbeartaítear saothar arna chruthú do leanaí agus do dhaoine óga a thabhairt ar camchuairt
- Iarratais ina mbeartaítear gníomhaíocht ina gcuirtear forbairt na hamhránaíochta traidisiúnta in Éirinn chun cinn a thabhairt ar camchuairt
- Iarratais ina mbeartaítear gníomhaíocht ina gcuirtear forbairt an damhsa thraidisiúnta in Éirinn chun cinn a thabhairt ar camchuairt
- D’fhéadfadh iarratasóirí na nEalaíon Traidisiúnta iarratas a chur isteach lena mbeartaítear saothar nua eisceachtúil a bhfuil fócas ar mhúnlaí camchuairte iontu, agus sna cásanna sin, is féidir go gclúdófar costais forbartha agus táillí faoin scéim.

| **Tabhair faoi deara: Camchuairteanna sna hEalaíona Traidisiúnta** | • Ní mór d’iarratasóirí ar Chamchuairteanna sna hEalaíona Traidisiúnta comhaid fuaime agus/nó físe de shaothar roimhe seo a sholáthar.<br>• Ní mór d'iarratasóirí a ghabhann de ghníomhaíochtaí cruthaitheacha comhoibritheacha samplaí de shaothar atá idir lámha a sholáthar. |
|---|---|

### Na hAmharc-ealaíona

Sna h**Amharc-ealaíona**, tabharfaimid tús áite do:

- Iarratais ina léirítear coincheap coimeádaíochta agus fócas lucht féachana soiléir
- Iarratais ina léirítear tuiscint ar rannpháirtíocht an phobail agus ina dtugtar eolas ar an gcaoi a ndéanfar an chamchuairt a idirghabháil le lucht féachana/éisteachta
- Iarratais ina léirítear uaillmhian maidir le taispeántais ardchaighdeáin idirnáisiúnta nó náisiúnta a chur ar bun nach mbeadh le feiceáil ag lucht féachana na hÉireann murach sin
- Iarratais ina dtaispeántar saineolas teicniúil lena gcinntítear go mbeidh na caighdeáin is airde i bhfeidhm maidir le suiteáil agus cur i láthair
- Iarratais ina moltar comhoibrithe nuálacha agus cruthaitheacha; d’fhéadfadh eagraíochtaí speisialtóireachta amharc-ealaíon, ionaid ealaíon ildisciplíneacha nó féilte, amharcealaíontóirí aonair, comharghrúpaí ealaíontóirí nó dánlanna príobháideacha a bheith i measc na gcomhoibrithe.
- Iarratais lena gcumasaítear comhroinnt scileanna coimeádaíochta agus saineolas idirghabhála; d’fhéadfadh clár meantóireachta/scáthfhoghlama idir comhoibrithe a bheith i gceist anseo
- D’fhéadfadh iarratasóirí na nAmharc-ealaíon iarratas a chur isteach lena mbeartófaí coimisiúin agus/nó léiriúcháin úra eisceachtúla sna hamharc-ealaíona comhaimseartha agus fócas ar mhúnlaí camchuairte iontu, agus sna cásanna sin, is féidir go gclúdófar costais forbartha agus táillí faoin scéim.

### Ealaíona do Leanaí agus Daoine Óga

Spreagtar eagraíochtaí agus daoine aonair a bhfuil tiomantas léirithe ar leith acu do rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga sna healaíona iarratas a dhéanamh faoin scéim seo. Ba cheart d'iarratasóirí den chineál sin Ealaíona do Leanaí agus Daoine Óga agus a bhpríomhfhoirm ealaíne/a bpríomhchleachtas ealaíon araon a roghnú i **gcuid 1.7** den fhoirm iarratais. Déanfar measúnú ar iarratais ina gcuirtear béim ar Ealaíona do Leanaí agus Daoine Óga de réir ár bpróisis cóimheasúnaithe, a bhfuil beartais agus tosaíochtaí na foirne um Ealaíona do Leanaí agus Daoine Óga agus na príomhfhoirne um fhoirm ealaíne araon mar bhonn faoi.

Maidir le Ealaíona do Leanaí agus Daoine Óga, tabharfaimid tús áite d’iarratais mar seo a leanas:

- Iarratais ina ndírítear go príomha ar thaithí ealaíonta ardchaighdeáin a thabhairt don sprioc-aoisghrúpa/sprioclucht féachana/spriocrannpháirtithe

- Iarratais ina n-áirítear straitéisí rannpháirtíochta poiblí le margaíocht chuí a léiríonn eolas agus tuiscint ar an spriocghrúpa/an lucht féachana/rannpháirtithe
- Iarratais ina n-áirítear deiseanna do lucht féachana/rannpháirtithe óga a rannpháirtíocht phearsanta féin sna healaíona a fhorbairt agus cur leis na healaíona. D'fhéadfadh deiseanna idirghníomhú le saothar ealaíonta a cuireadh i láthair agus tuairim a thabhairt maidir leis, agus plé a chur ar bun leis an bhfoireann chruthaitheach a bheith ina measc sin.
- Iarratais ina ndéantar uasmhéadú ar úsáid na mbonneagar agus na n-acmhainní atá ann cheana féin.

I gcás camchuairteanna a bhfuil lucht féachana scoile mar sprioc acu, mar aon leis an méid atá thuas, tabharfaimid tús áite d'iarratais mar seo a leanas:

- Iarratais ina léirítear tuiscint ar riachtanais lucht féachana scoile, lena n-áirítear eolas ar churaclam agus ar fhéilire agus comhthéacs na scoile
- Iarratais ina dtugtar tacaíocht do mhúinteoirí an taithí ealaíonta a chomhtháthú agus a leathnú amach i dtaithí fhoriomlán oideachais na ndaoine óga
- Iarratais ina n-áirítear comhaontuithe soiléire ar cé a dhéanfaidh margaíocht do scoileanna agus conas a dhéanfar é sin; agus ina dtabharfar faisnéis maidir le cuntas teiste na heagraíochta/na n-eagraíochtaí ábhartha a bhí ag obair le scoileanna sna sprioc-réimsí
- Chun tuilleadh eolais a fháil faoin gcuraclam i scoileanna na hÉireann, tabhair cuairt ar www.gov.ie/ga/eagraiocht/an-roinn-oideachais/.